# Splanc

## Caibidil 3

2023-2024



Gael Linn

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Cúinne na Gramadaí

Gaeilge

## An Aimsir Fháistíneach

Úsáidtear an **aimsir fháistineach** chun cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharlóidh amach anseo.

**Seo roinnt leaganacha a bhíonn coitianta go leor san aimsir fháistineach.**

*amach anseo*
*amárach sa todhchaí*
*an tseachtain/bhliain seo chugainn*
*ar ball i gceann tamaill i gceann míosa*

- Críochnaíonn **briathra aonsiollacha** ar ***f(a)idh**** agus **briathra ilsiollacha** ar ***eoidh*** nó ar ***óidh****

  *dún**faidh*** *cuir**fidh***
  *ceann**óidh*** *éir**eoidh****
- Ní chuirtear séimhiú ná urú orthu san **fhoirm dhearfach**.
- An fhoirm dhiúltach – **ní** + **séimhiú** ar **chonsan**

  *ní **dh**únfaidh mé* *ní **fh**iafróidh sé*
- An fhoirm cheisteach – **an** + **urú** ar **chonsan**

  *an **nd**únfaidh tú?* *an **bh**fiafróidh sé?*
- Ní dhéantar aon athrú ar bhriathra a thosaíonn **ar ghuta** – *an éireoidh tú?*

* **Caol le caol, leathan le leathan!**

| Briathra Aonsiollacha | | |
|---|---|---|
| fág**faidh** mé | bris**fidh** mé | ól**faidh** mé |
| fág**faidh** tú | bris**fidh** tú | ól**faidh** tú |
| fág**faidh** sé/sí | bris**fidh** sé/sí | ól**faidh** sé/sí |
| fág**faimid** | bris**fimid** | ól**faimid** |
| fág**faidh** sibh | bris**fidh** sibh | ól**faidh** sibh |
| fág**faidh** siad | bris**fidh** siad | ól**faidh** siad |

| Briathra Ilsiollacha | | |
|---|---|---|
| ceann**óidh** mé | dúis**eoidh** mé | éir**eoidh** mé |
| ceann**óidh** tú | dúis**eoidh** tú | éir**eoidh** tú |
| ceann**óidh** sé/sí | dúis**eoidh** sé/sí | dúis**eoidh** sé/sí |
| ceann**óimid** | dúis**eoimid** | éir**eoimid** |
| ceann**óidh** sibh | dúis**eoidh** sibh | éir**eoidh** sibh |
| ceann**óidh** siad | dúis**eoidh** siad | éir**eoidh** siad |

## Briathra neamhrialta san aimsir fháistíneach:

**abair:** déarfaidh ní déarfaidh an ndéarfaidh?
**beir:** béarfaidh ní bhéarfaidh an mbéarfaidh?
**bí:** beidh ní bheidh an mbeidh?
**clois:** cloisfidh ní chloisfidh an gcloisfidh?
**déan:** déanfaidh ní dhéanfaidh an ndéanfaidh?
**faigh:** gheobhaidh ní bhfaighidh an bhfaighidh?
**feic:** feicfidh ní fheicfidh an bhfeicfidh?
**ith:** íosfaidh ní íosfaidh an íosfaidh?
**tabhair:** tabharfaidh ní thabharfaidh an dtabharfaidh?
**tar:** tiocfaidh ní thiocfaidh an dtiocfaidh?
**téigh:** rachaidh ní rachaidh an rachaidh?

## Caint indíreach san aimsir chaite (briathra rialta)

**Leid**

- ***gur*** san **fhoirm dhearfach**

  *Dúirt sé **gur ch**eannaigh sé…*
  *Cheap sé **gur oscail** sé…*
- ***nár*** san **fhoirm dhiúltach**

  *Mhaígh sé **nár gh**oid sé…*
  *Is dóigh liom **nár ól** sí…*

## Claoninsint le briathra neamhrialta san aimsir chaite

Leantar na gnáthrialacha (i.e, gur agus nár) leis na briathra neamhrialta seo:

*gur/nár **rug*** *gur/nár **chuala***
*gur/nár **ith*** *gur/nár **thug***
*gur/nár **tháinig***

## Samplaí de na briathra neamhrialta (claoninsint san aimsir chaite)

1 Bhí an dalta cinnte **nach ndúirt** sé aon rud.
2 Bhí Seán ag rá **go ndúirt** sé féin an méid sin.
3 Chuala Máire **go raibh** Liam agus Sorcha tinn.
4 Bhí Máire cinnte **nach raibh** Seán ag féachaint uirthi.
5 Chreid mé **nach raibh** milseáin ar bith sa siopa.
6 Dúirt na daltaí **go ndearna** siad an obair i gceart.



shutterstock **Buíochas le Shutterstock as ucht pictiúir a cheadú dúinn**

7 Shíl Malaí **go bhfaca** sí Mam ag pógadh Dhaidí na Nollag sa seomra suí!



8 Bhí an bainisteoir den tuairim **nach ndearnamar** aon obair.

9 Creideann na daltaí sin **go bhfuair** siad obair bhaile, ach ní fíor é sin.

10 Shíl mé **nach bhfuair** mé aon bhronntanas, ach bhí dul amú orm.

11 Dúirt Seán **nach bhfaca** sé Máire le fada an lá.

12 Dúirt Daid **go ndeachaigh** sé go dtí an Spáinn anuraidh.

## Dialann Mhachnaimh

**Bígí ag machnamh agus ag obair anois!**

### Ceacht 1

**Cum abairtí leis na focail seo thíos. Bíodh na briathra go léir san aimsir fháistineach agat!**



*amárach* *ar ball* *níos déanaí*
*amach anseo* *an mhí seo chugainn*
*sa todhchaí* *an bhliain seo chugainn*
*tar éis na hArdteiste* *go luath*

### Ceacht 2

**Líon isteach na bearnaí leis an aimsir fháistineach de na briathra atá idir lúibíní sna habairtí seo.**

**(Freagraí ag deireadh na caibidle)**

1 (Téigh : sinn) go Glastonbury tar éis na hArdteiste.

2 (Scríobh : mé) an aiste sin mar obair bhaile amarách.

3 (An : téigh : siad) go dtí an cluiche ag an deireadh seachtaine?

4 (Ní : éirigh : sinn) go luath maidin Dé Sathairn. (Glac : sinn) sos!

5 (An : deir : tú) le Céala go raibh mé ag cur a tuairisce, le do thoil?

6 (An : labhair : tú) leis an bpríomhoide ar mo shon, a Mhámaí?

7 (Rith) Seamas sa rás an tseachtain seo chugainn.

8 (Buail : sinn) lenár gcairde an deireadh seachtaine seo chugainn.

9 (Fill : mé) abhaile ar a trí a chlog amárach.

10 (Socraigh) an múinteoir an fhoireann agus (roghnaigh : sí) na himreoirí tráthnóna amárach.

### Ceacht 3

**Bain amach na luibíní agus athscríobh na habairtí seo a leanas. Bain úsáid as <u>caint indíreach</u>!**

**(Freagraí ag deireadh na caibidle)**



1 Ba mhór an faoiseamh dom (bí) an liathróid ghailf buailte go díreach agam.

2 Dúirt bean liom (abair) bean léi (bí) Éabha ag an bpictiúrlann le Méabh ag an deireadh seachtaine.

3 Tá mé cinnte (feic) mé uimhir 7 ag déanamh feall ar uimhir 5 ansin.

4 Dúirt Tess liom (faigh : sinn) obair bhaile ón múinteoir mata ar maidin.

5 Dúirt Ronaldo leis an réiteoir (bí : sé) cinnte (téigh) an liathróid isteach thar an line sa chéad leath. Bhí Messi chomh cinnte céanna (ní : téigh) sé thar an líne.

© Gael Linn

# Arnold!



1 Is aisteoir Ostarach agus Meiriceánach, fear gnó, réalta scannáin, polaiteoir agus corpfhorbróir gairmiúil é Arnold Alois Schwarzenegger. Rugadh Arnold ar 30 Iúil sa bhliain 1947.

2 Meastar go forleathan go bhfuil Arnold ar dhuine de na daoine is tábhachtaí i stair na corpfhorbartha. Bhuaigh sé an chéad áit naoi n-uaire déag idir na blianta 1965 agus 1980. Bíonn sé i gceannas ar an gcomórtas bliantiúil *The Arnold Classic* ó d'imigh sé ar scor. Bhí *The Arnold Classic* ar cheann de na himeachtaí corpfhorbartha ba mhó i stair an spóirt ón mbliain 1989

3 Cé gur réalta mór é i ndomhan na corpfhorbartha is fearr aithne air as a phríomhról sa scannán *The Terminator*. Tá clú agus cáil faoi leith air de bharr líne amháin sna scannáin chéanna – sin é *I'll be back*. Tá cúpla clár nua déanta aige ar na mallaibh agus is fiú go mór féachaint orthu, dar liom. Is iad na cláir atá i gceist agam ná *Arnold* agus *FUBAR* ar *Netflix*. Níor chaill sé ariamh é!

## Gluais

**corpfhorbróir** *body builder*

**gairmúil = proifisiúnta** *professional*

**imigh ar scor = éirigh as post** *retire*

**ar na mallaibh = le déanaí**

**ariamh = riamh**

## Ceisteanna duit!


1 (a) Cén fhianaise a thugann an t-údar dúinn gur duine intleachtach éirimiúil é Arnold Schwarzenegger? (Alt 1)
(b) Cathain a rugadh Arnold? (Alt 1)

2 (a) Céard a mheastar 'go forleathan'? (Alt 2)
(b) Cad tá i gceist le *The Arnold Classic*, de réir an eolais atá sa sliocht? (Alt 2)

3 Mínigh an bhaint a bhí ag Arnold leis an scannán *The Terminator*. (Alt 3)

# Fuinneamh Núicléach

Tá droch-chlú agus droch-cháil ar fhuinneamh núicléach ó tharla eachtra in Sellafield sa bhliain 1973. An cheist atá agam ná – an bhfuil an drochchlú nó an drochcháil seo tuillte?



Is réiteach malartach ísealcharbóin é fuinneamh núicléach ar bhreoslaí iontaise Tá tuairimí láidre ag tíortha éagsúla ar an ábhar seo, ar ndóigh. Mar shampla, chinn rialtas na Gearmáine imeacht ón bhfuinneamh núicléach go huile is go hiomlán ón mbliain 2023. Dáiríre, tá dearcadh diúltach ag an tsochaí ar an bhfuinneamh núicléach anois.

Cad iad na cúiseanna leis sin? Cad a cheapann tú féin faoin bhfuinneamh núicléach? An bhfuil tú ar a shon nó ina choinne? Cén fáth a bhfuil an tuairim sin agat? Ar mhaith leat ní ba mhó eolais a fháil faoi? I mbeirteanna, déanaigí taighde ar cheist an fhuinnimh núicléach agus cuirigí bhur gcuid eolais i láthair os comhair an ranga!

## Gluais

**malartach** *fluctuating, alternative*

**breosla iontaise** *fossil fuel* **cinn = socraigh**



© Gael Linn

# Maggie Gough

1 Ba bhean rialta o Éirinn í an tSiúr Mary de Lellis Gough (1892-1983) – nó Maggie Gough, mar ab fhearr aithne uirthi – a chaith formhór a saoil i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá clú mór uirthi toisc gurbh ise an chéad bhean riamh ó Éirinn ar éirigh léi dochtúireacht sa mhatamaitic a bhaint amach!



2 Ar an gCill Mhór, Contae Loch Garman a rugadh Maggie. Agus í in aois a seacht mbliana déag, thaistil sí go Texas le grúpa ban óg eile. Níorh fhada san áit sin í go dtí gur chuir sí suim i saol na mban rialta. Faoi dheireadh chláraigh sí le Siúracha na Carthanachta sa bhliain 1911.

3 Le linn do Maggie a bheith ag obair mar mhúinteoir ardscoile, rinne sí cúrsa staidéir in Ollscoil Chaitliceach Mheiriceá. Bhain sí bunchéim amach sa bhliain 1920 – agus céim mháistreachta sa bhliain 1923. Bhain sí céim PhD amach san ollscoil chéanna sa bhliain 1931.

4 D'oibrigh sí mar mhúinteoir matamaitice i gColáiste an Bhriathair Ionchollaithe ó 1920 go 1943. Sa bhliain 1953, chum sí an frása *mathephobia*, bunaithe ar smaointe na mac léinn a bhíodh sna ranganna aici.

5 Sa bhliain 1944 d'éirigh sí as an múinteoireacht de bharr drochshláinte – agus d'fhill sí ar Texas, áit ar oibrigh sí mar chuntasóir in ospidéal áitiúil in Fort Worth. D'éirigh sí as an bpost sin sa bhliain 1964.

## Gluais

**Briathar Ionchollaithe** *Incarnate Word*

## Ceisteanna bunaithe ar an sliocht

1 (a) Cén tslí bheatha a bhí ag Mary de Lellis Gough? (Alt 1)
(b) Cad chuige a bhfuil clú mór ar Mary? (Alt 1)

2 (a) Cárbh as Maggie? (Alt 2)
(b) Cén cinneadh mór a rinne sí sa bhliain 1911? (Alt 2)


3 (a) Cá ndearna Mary cúrsa staidéir? (Alt 3)
(b) Ainmnigh céim amháin a rinne sí mar chuid den chúrsa staidéir sin. (Alt 3)

4 (a) Conas a chaith sí a cuid ama idir na blianta 1920 agus 1943? (Alt 4)
(b) Cad air a raibh an frása *mathephobia* bunaithe? (Alt 4)

5 (a) Cad chuige ar éirigh Maggie as an múinteoireacht? (Alt 5)
(b) Conas a chaith sí an chuid eile dá saol ina dhiaidh sin? (Is leor pointe amháin.) Alt 5

## Crosfhocal daoibh!

**(bunaithe ar an sliocht thuas – Maggie Gough)**




**Trasna**

1 sórt scoile inar oibrigh Mary ar dtús (8)
6 céim mhór a bhain Mary amach sa mhatamaitic (13)
7 áit a ndeachaigh Mary le grúpa ban eile (5)
10 duine a dhéanann iniúchadh ar chuntais (9)

© Gael Linn

**Síos**

2 easláinte, breoiteacht (13)
3 cáil (3)
4 contae inar rugadh Mary (4, 6)
5 an chuid is mó, tromlach (7)
8 leasainm Mary de Lellis Gough (6)
9 grúpa focal, cuid d'abairt (5)



# Turas farraige!

An Samhradh seo caite chuaigh mé ar saoire go Contae Chiarraí le mo mhuintir. Bhí bungaló deas ar cíos againn cúpla céad méadar ón trá. Teach deas cluthar ab ea é agus neart spáis ann don seachtar againn – Mam, Daid, mo bheirt deirfiúracha, mo bheirt deartháireacha – agus mé féin, ar ndóigh.

Maidin Dé Sathairn chuaigh mé féin agus mo dheartháir, Peadar, ag siúl cois cladaigh. Bhí an aimsir go haoibhinn – gan scamall sa spéir ná oiread is puth gaoithe ann.

Bhuaileamar le fear taobh leis an gcé agus cúig bhád rámhaíochta ina luí bunoscionn ar an ngaineamh taobh leis. Bhí na báid ar cíos aige – agus thógamar ceann díobh amach ar cíos don lá.

Bhrúigh an fear amach ar na tonnta muid agus dúirt sé linn a bheith ar ais roimh a sé a chlog. Bhí an fharraige mar phána gloine agus bhí sé an-éasca na maidí rámha a úsáid.

Thart ar uair an mheán lae chonaiceamar oileán beag romhainn amach agus thugamar cuairt ar an oileán deas sin. Tharraingíomar an bád isteach ar an trá agus ghlacamar sos beag. Bhí sé ag éirí an-te go deo faoin am sin. D'itheamar an lón agus luíomar faoin ngrian. Sula i bhfad thit sámhchodladh orainn beirt.

Ansin dhúisíomar de gheit. Bhí athrú tagtha ar an aimsir agus é ag stealladh báistí. Níorbh fhada gur thosaigh an ghaoth ag séideadh go láidir. Tharaingíomar an bád ní b'fhaide aníos ar an ngaineamh agus ritheamar chuig teach beag in aice láimhe. Teach tréigthe a bhí ann – an doras briste, ach an díon fós air. Shuíomar i gcúinne agus muid fliuch báite. Ní raibh aon seans againn imeacht abhaile, mar lean an stoirm go titim na hoíche!

Nuair a gheal an lá bhí an stoirm thart agus an ghrian ag taitneamh anuas orainn. Faraor, bhí an bád beag scuabhtha amach ag na tonnta. Ansin chualamar fuaim héileacaptair os ár gcionn. Chroitheamar ár lámha san aer le fonn agus chonaic an píolóta sinn. Scaoil a chompánach téad láidir anuas chugainn – agus níorbh fhada gur thóg sé an bheirt againn in airde inár nduine agus inár nduine. Nach orainn a bhí an t-ádh!



Bhí áthas an domhain ar Mham agus ar Dhaid gur thángamar slán abhaile, ach ní mó ná sásta a bhí siad nár insíomar dóibh cá rabhamar ag dul an mhaidin sin.

Scriosadh an bád rámhaíochta beag agus bhí ar Dhaid íoc as. Ní nach ionadh bhí ceann faoi orainn ar feadh cúpla lá agus níor tugadh cead dúinn dul áit ar bith gan Mam nó Daid a bheith in éineacht linn.

## Gluais

**cluthar = compordach** **rámhaíocht** *rowing*
**cladach = bruach na farraige** **faraor = mo léan**


© Gael Linn

# RÍOMHPHOST!



Hi a Chiara!

Tá áthas orm go bhfuil fad ag teacht ar na laethanta ar deireadh thiar. Ar chuala tú go raibh m'fhoireann peile, na Sáirséalaigh, ag imirt sa chluiche ceannais Dé Domhnaigh seo caite? M'fhoireann féin agus na Fianna a bhí ag imirt!



Imríodh an cluiche san Uaimh ar a dó a chlog. Bhí slua cuibheasach mór ann agus an aimsir go breá, ach beagáinín fuar. Uimhir a ceathair déag a bhí ar mo gheansaí féin. Bhí an imirt tiubh te ó cheann ceann na páirce sa chéad leath agus na foirne ar comhscór ag leath ama – 1-7 ag an dá thaobh.

Bhí an iomaíocht géar sa dara leath, ach bhíomar ar comhscór fós agus gan ach dhá nóimead fágtha! Ansin tháinig an liathróid chugamsa ó lár na páirce. Rug mé uirthi ar imeall na cearnóige, chas mé ar chlé agus chiceáil mé isteach san eangach í. Scairt ár lucht leanúna amach le lúcháir agus ansin shéid an reiteoir an fheadóg. Bhí an cluiche thart agus an cluiche buaite againn!

Bhailigh ár gcaptaen an corn agus tugadh bualadh bos mór dúinn. Bhí cóisír againn ina dhiaidh sin – agus ba mise laoch an chluiche, dar le các!

Bhuel, a Chiara, níl aon scéal eile agam duit anois. Cuir glao orm nó seol ríomhphost chugam nuair a bheidh deis agat. Idir an dá linn tabhair aire mhaith duit féin!

Do chara buan,

Lisa

## Gluais

**cuibheasach = réasúnta**
**tiubh te = tapa fíochmhar**
**iomaíocht = coimhlint** **deis = seans**

# COMHRÁ!

**Lorcán** Céard é *TikTok*, a Chaoimhín?
**Caoimhín** Bhuel, is ardán sóisialta é – ón tSín, de réir dealraimh. Crochann daoine físeáin ar ardán *TikTok* – faoina saol féin nó faoi rud ar bith ar domhan. Nach ndeachaigh tú féin ar *TikTok* riamh, a Lorcáin?
**Lorcán** Ní dheacaigh, a Chaoimhín. Inis dom faoi.
**Caoimhín** Bhuel, seoladh an aip sa bhliain 2017. Baineann níos mó ná billiún daoine úsáid as *TikTok*. Baintear úsáid as gearrthóga gearra den chuid is mó. Ní leanann siad ach cúpla nóiméad ar a mhéad.
**Lorcán** Céard a bhíonn sna gearrthóga seo?
**Caoimhín** Gach rud ar domhan, ach uaireanta téann daoine thar fóir leo. D'fhéadfadh *TikTok* a bheith an-dainséarach. Caitheann a lán déagóirí an iomarca ama ag féachaint ar dhrochrudaí agus ag déanamh aithrise ar rudaí a fheiceann siad ar an bhfón póca.
**Lorcán** An mbíonn deagóirí gafa ag *TikTok?*
**Caoimhín** Sin é croí na faidhbe. Éiríonn daoine gafa le *TikTok* agus ní bhíonn siad in ann an fón a chur uathu. Milleann sé achar airde déagóirí leis.
**Lorcán** Achar airde? Ceard é sin?
**Caoimhín** Bhuel, a Liam, má chaitheann tú an iomarca ama ag féachaint ar ghearrthóga ní bhíonn tú in ann diriú ar chlár teilifíse ná ar scannán a mhaireann cúpla uair an chloig.
**Lorcán** Tabhair sampla dom.
**Caoimhín** Bhuel, chuiagh mo dheartháir chuig an scannán fada, *Oppenheimer*, le déanaí agus, nuair a d'fhéach sé thart tar éis uair an chloig, bhí na déagóirí ar fad beag beann ar an scannán agus iad ar fad ar *TikTok*!
**Lorcán** Ó, a thiarcais!

## Gluais

**gearrthóg** *clip (media)* **ar a mhéad = ar fad**
**ag déanamh aithrise** *imitating* **gafa** *addicted*
**achar airde** *attention span*
**a thiarcais!** *my gosh!*

© Gael Linn

# Bláth nó Blá?



Nochtadh dealbh de laoch mór na hÉireann, Mícheál Ó Coileáin, i gCathair Chorcaí i Mí Dheireadh Fómhair anuraidh. Chuir an dealbh sin eachtra thragóideach i stair na tíre i gcuimhne dom. Bhí Mícheál Ó Coileáin ag taisteal le saighdiúirí i ngluaisteán in iarthar Chontae Chorcaí an trathnóna áirithe sin.

Go tobann, gan choinne, thosaigh daoine ag scaoileadh piléar leo. D'ordaigh an Maor Emmet Dalton, a bhí ina shuí taobh le Mícheál ar chúl an ghluaisteáin, don tiománaí imeacht leis ar nós na gaoithe. Ach stopadh an gluaisteán ar ordú ó Mhícheál Ó Coileáin féin. Scaoil saighdiúirí ar ais leis na trodairí ar an gcnoc, ach taobh istigh de chúpla nóiméad, tharla an tubaiste. Bhuail piléar Mícheál sa cheann agus thit sé fuar marbh ar an mbóthar.

Bhí Ó Coileáin ina cheannaire ar an stát nua, Saorstát Éireann. Tharla go raibh deacrachtaí ag an tSuirbhéireacht Ordanáis thar na blianta maidir le hainm na háite inar maraíodh an Ginearál Ó Coileáin. D'úsáidtí na leaganacha seo a leanas ó am go chéile: Béal Átha na Bláiche, Béal Átha Nabla, Béal na Bláth, Béal na mBláth agus, ar deireadh, Béal na Blá, *Mouth of the Flower*. Nuair a cuireadh an bhéim ar an bhfocal blá, a chiallaíonn má (plain) sa Nua-Ghaeilge, ba thagairt é sin don ghné thopagrafach ba shuimiúla san áit – is é sin, an ailt ag síneadh fad an ghleanna ó shráidbhaile Bhéal na Blá go Baile an Chócaigh. Ritheann abhainn Bhríde tríd an ailt seo go dtí an talamh mhéith ag bun Ghleann Bhríde. Glacann Coimisiún Logainmneacha na hÉireann leis an ainm Béal na Blá sa lá atá inniu ann.

## Gluais

**dealbh** *statue* **ailt** *ravine* **logainm** *placename*

**Suirbhéireacht Ordanáis** *Ordnance Survey*
**piléar** *bullet* **maor** *major* **scaoil** *fire (e.g., a gun)*
**méith = torthúil** *fertile*
**topagrafach** *topographic*

# Liam, an Laoch!



Tá clú agus cáil ar Liam Brady mar imreoir sacair ar fud an domhain. I Mí Dheireadh Fómhair 2023 d'fhoilsigh sé dírbheathaisnéis, dar teideal, *Born To Be a Footballer*. Tá cur síos sa leabhar ar a shaol mar imreoir sna seachtóidí, sna hochtóidí agus fiú sna nóchaidí.

Tosaíonn an leabhar sna seomraí gléasta i bPáirc Dalymount sa bhliain 1974. Bhí foireann na hÉireann ag imirt i gcoinne na Rúise agus ba é sin an chéad uair a d'imir Liam ar son a thíre.



Bhí an seomra gléasta cúng, tais – agus boladh bréan san aer. D'imir Liam go maith sa chluiche sin. Sna seachtóidí d'imir Brady ar fheabhas ar fad. Bhí sé tapa, cliste agus thar a bheith sciliúil.

D'imir sé le *Arsenal* ar feadh na mblianta, ach sa bhliain 1980 bhain sé geit nach beag as an bpobal nuair a d'imigh sé go *Juventus* na hIodáile. Bhí sé díreach pósta le Sarah ag an am agus bhí eachtraíocht ag teastáil ón mbeirt acu thar lear. Thuill Brady airgead mór san Iodáil agus d'imir sé go maith do *Juventus* le linn na seacht mbliana a chaith sé leo.

Ina dhiaidh sin d'fhill sé ar Shasana, áit ar léirigh sé go raibh sé i bhfad ní ba mhuiníní as féin. Agus, ar ndóigh, bhí a phócaí teann.


© Gael Linn

Nuair a bhí Jack Charlton ina bhainisteoir ar fhoireann na hÉireann, d'imir Liam in ocht gcluiche leo, nuair a d'éirigh le hÉirinn áit a bhaint amach in *Euro 1988*. Faraor, níor éirigh leis imirt sa chomórtas féin toisc go raibh sé gortaithe.

Nuair a tháinig deireadh le ré Liam mar imreoir gairmiúíl chaith sé seal ina bhainisteoir ar *Glasgow Celtic* agus, ina dhiaidh sin, ar *Brighton*. Níor éirigh go rómhaith leis mar bhainisteoir, ach ní dheanfar dearmad ar scileanna iontacha Liam Brady ar an bpáirc imeartha go deo!

## Gluais

**dírbheathaisnéis** *autobiography*
**cúng = caol** **tais = beagán fliuch**
**eachtraíocht** *adventure* **muiníneach** *confident*
**teann** *well-filled* **ré = tréimhse**

# An Teach Ceann Tuí Deiridh!



Ní rómhinic a fheictear teach ceann tuí in Éirinn anois. Deirtear go bhfuil an ceann deiridh suite i nDún Dealgan. *An Déirí*, a thugtaí air fadó. Bhí sé ag titim as a chéile – go dtí gur shábháil Moira agus Owen Lennon é!

Ba chuid de shaol mhuintir Lennon an déirí ón mbliain 1820, ach níor tosaíodh ar an obair mhór go dtí an bhliain 2011! Bhí sraith fóid mhóna caite anuas ar na frathacha. Ar ndóigh, bhí an tsraith mhóna sin thar a bheith tábhachtach – mar chosaint ar thine agus ar aimsir. Ar ndóigh, bhí ar an siúinéir cuid de na frathacha lofa a dheisiú nó cinn nua a chur ina n-áit. Ansin chuir fear darbh ainm Joe leatháin ghalbhánaithe thar na fóid mhóna agus cuireadh an ceann tuí nua anuas air sin ar fad.

Dheisigh Owen agus Moira gach cuid den seanteach agus cuireadh síneadh ar chúl an tí. Tá cistin álainn, néata, nua-aimseartha ann anois. Nuair a pósadh Moira agus Owen sa bhliain 2014, bhí an seandéirí mar théama don bhainis!


De réir rialacha pleanála, chóirigh an lánúin aghaidh an tí go traidisiúnta agus chinntigh siad go mbeadh an síneadh nua as radharc ón bpríomhbhóthar. Is teach deas cluthar anois é – agus ceithre sheomra codlata ann. Is seoid cheart é an teach anois, gan dabht!

## Gluais

**frathacha** *interior walls* **lofa = morgtha** *rotten*
**síneadh = méadú** *extension*
**cluthar = compordach**
**leatháin ghalbhánaithe** *galvanized sheets*
**seoid = cloch luachmhar** *jewel*

## Crosfocal daoibh!

(Freagraí ag deireadh na caibidle)




**Trasna**

3 cloch luachmhar
6 méadú, píosa curtha le teach (7)
8 áit a ndéantar agus a n-itear béilí (6)
9 ár dtír féin (4)
10 deas glan, slachtmhar, críochnúil (5)
11 ábhar tine (4)

**Síos**

1 morgtha, imithe ó mhaith, dreoite, feoite (4)
2 ballaí taobh istigh de theach (9)
3 duine a bhíonn ag obair le hadhmad (8)
4 baile mór i gContae Lú (3,7)
5 díon (5)
7 áit ina ndéantar bainne a phróiseáil (5)

© Gael Linn

# Seisiúin na Mara



1 Is iomaí sin féile in Éirinn i rith na bliana agus go háirithe sa samhradh. Tá *Sea Sessions* difriúil, áfach. Ní hamháin go mbíonn togha an cheoil le cloisteáil i mBun Dobhráin ag an bhféile seo, ach bíonn go leor imeachtaí eile ar siúl ann freisin.



2 Creid nó na creid, is é Bun Dobhráin, Contae Dhún na nGall ceanncheathrú na tonnmharcaíochta in Éirinn. Ní nach ionadh, mar sin, go mbíonn an tonnmharcaíocht ina cuid de na *Sea Sessions* chomh maith. Mar aon leis an gceol a bhíonn le cloisteáil, beidh an comórtas tonnmharcaíochta is mó in Éirinn ar siúl – chomh maith le scátáil, *BMX*, ealaín sráide agus spóirt ar an trá.

3 Ach tagann daoine chuig *Sea Sessions* chun ceol a chloisteáil, ar ndóigh, agus beidh go leor ceoltóirí mór le rá ar an ardán i mbliana, mar a bhíonn chuile bhliain. Más mian leat *BLK*, Cian Ducrot, Johnny Marr, Jazzy, Jake Bugg agus go leor eile nach iad a fheiceáil beo, téigh siar go Bun Dobhráin an samhradh seo. Beidh *Sea Sessions* ar siúl i mbliana ó 21 go 23 Meitheamh.

## Gluais

**ceanncheathrú** *headquarters*
**tonnmharcaíocht** *surfing*

## Líon isteach na bearnaí thíos

1 togha an ____ (Alt 1)
2 Creid nó ____ creid (Alt 2)
3 mór _____ rá (Alt 3)

# *Godzilla vs. Kong: The New Empire*

1 Sa scannán is déanaí de chuid *MonsterVerse*, tá Tíotán nua ag iarraidh an Domhan Cuasach agus dromchla an Domhain a scriosadh. Is léir nach bhfuair sé an meamram, áfach, gur foireann iad Godzilla agus Kong anois! Ní chloífidh an Tíotán na harrachtaí seo gan troid.



2 Ba é Adam Wingard a stiúir *Godzilla* vs. Kong agus tá sé ar ais mar stiúrthóir sa scannán seo chomh maith. Tá Terry Rossio ar ais ina chuideachta mar dhuine de na scríbhneoirí ar *Godzilla x Kong: The New Empire* leis. Ní hamháin gur thug Wingard ápa níos mó ná Kong isteach sa scannán seo mar namhaid ag Godzilla agus Kong, ach tá moncaí nua, i bhfad níos lú fosta, ar a dtugann siad Baby Kong.

3 Tá cuid de na haisteoirí a bhí in *Godzilla vs. Kong* ar ais sa scannán nua seo leis. Is í Rebecca Hall príomhaisteoir an scannáin, ina ról mar an Dr Ilene Andrews. Ina cuideachta arís beidh Bryan Tyree Henry agus Kaylee Hottle. Beidh *Godzilla x Kong: The New Empire* le feiceáil i bpictiúrlanna na tíre seo ar 12 Aibreán.

## Gluais

**Tiotán** *Titan* **cuasach** *cavity* **meamram** *reminder*
**arracht = ollphéist** *monster* **ápa = moncaí mór** *ape*

## Fíor nó bréagach?

1 Is cairde iad Godzilla agus Kong anois. (Alt 1)
2 Is é Terry Rossio stiúrthóir an scannáin. (Alt 2)
3 Is í an Dr. Irene Andrews carachtar Rebecca Hall. (Alt 3)


© Gael Linn

# An Banphrionsa Bándearg



1 Thosaigh an t-amhránaí *P!NK* ag canadh ina haonar sa bhliain 2000 agus d'eisigh sí a céad albam *Can't Take Me Home* an bhliain chéanna. Tá ocht n-albam stiúideo ar fad eisithe aici mar aon le halbam dá cuid amhrán mór. Dhíol sí níos mó ná 140 milliún albam ar fad, ar fud an domhain.

2 Alecia Beth Moore an t-ainm breithe atá ar *P!NK*. Rugadh í in Pennsylvania i Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 1979 agus bhí sí ar an ardán den chéad uair gan í ach ceithre bliana déag d'aois. Tá a lán gradam buaite ag an amhránaí seo agus chuaigh an t-albam is déanaí dá cuid, *Trustfall*, díreach go barr na gcairteacha sa Ríocht Aontaithe.

3 Beidh *P!NK* ag seinm beo in Éirinn ar 20 agus 21 Meitheamh 2024 san *Aviva*, i mBaile Átha Cliath mar chuid den *Summer Carnival Tour*. Beidh aíonna speisialta ar an ardán in éineacht leis an mBanphrionsa Bhándearg, ina measc *Rag'n'Bone Man*, *GAYLE*, agus an *DJ* agus an léiritheoir *KidCutUp*.

## Gluais

**eisigh = cuir amach** *issue*

### Ceist againn ort!

1 Cad is ainm do chéad albam aonair *P!NK*? (Alt 1)
2 Cárb as *P!NK*? (Alt 2)
3 Cathain a bheidh *P!NK* ag seinm in Éirinn? (Alt 3)
4 Cé acu amhránaí is fearr leat: *P!NK* nó Taylor Swift? Cen fáth?

# Craobhchomórtas Oscailte na hÉireann




1 Sa bhliain 2009, bhain Shane Lowry clú agus cáil amach dó féin, nuair a bhí sé ar an gcéad ghalfaire amaitéarach a bhuaigh Comórtas Oscailte na hÉireann. Is galfaire proifisiúnta é fear Uíbh Fhailí anois, ar ndóigh, agus beidh sé ag iarraidh an comórtas seo, a bhfuil áit speisialta aige ina chroí, a bhuachan arís ag deireadh an tSamhraidh.

2 Is sa Chaisleán Nua, Contae an Dúin a bheidh an Comórtas Oscailte Angla-Éireannach ar siúl i mbliana ó 12 go 15 Meán Fómhair. Imríodh an comórtas clúiteach seo den chéad uair sa bhliain 1927 agus bhí sé ar siúl sa *Royal County Down* sa Chaisleán Nua an bhliain dár gcionn. Reáchtáladh an comórtas sa ghalfchúrsa dumhcha álainn seo i gContae an Dúin naoi mbliana ó shin fosta.

3 Ní hé Shane Lowry an t-aon Éireannach a bhuaigh Comórtas Oscailte Gailf na hÉireann. Ghnóthaigh Pádraig Harrington agus Rory McIlroy an comórtas chomh maith sna blianta 2007 and 2016 faoi seach. I measc na ngalfairí cáiliúla eile a raibh an bua acu sa Chomórtas Oscailte roimhe seo tá Seve Ballesteros, Nick Faldo, Colin Montgomerie, José María Olazábal agus Bernhard Langer.

## Gluais

**galfchúrsa dumhcha** *links golf course*

### Fuascail na hAnagraim Seo ón Sliocht

lieraagf (Alt 1)
hudhcam (Alt 2)
ehcas (Alt 3)

© Gael Linn

# Treochtaí Faisin do 2024




1 Tá an tEarrach ag teacht chun deiridh agus an Samhradh ar a bhealach. Cosúil leis an domhan uile tá saol an fhaisin ag éirí digiteach. Is féidir leatsa a bheith réidh le haghaidh Samhradh 2024 le priontaí réadúla digiteacha agus dearaí *3D*. Ach, an mbeidh tú ag caitheamh éadaí nó ealaíne?

2 Ní dhéanann ábhair ar nós bambú agus poileistear athchúrsáilte damáiste don timpeallacht agus, mar sin, tá siad ag éirí an-choitianta anois. Tá siad inbhuanaithe agus laghdaíonn siad dramhaíl. Ach tá fabraicí sómasacha mar shíoda, lása, agus chiffon san fhaisean freisin. Mar sin, beidh tú compordach agus faiseanta i do chuid pitseámaí, fiú i rith an lae!

3 Feicfidh tú go leor de stíl reitreo na 1970idí agus na 1980idí an Samhradh seo – le bríste spréite, barra giortacha agus gúnaí le seacainí, a mheascann an t-am a chuaigh thart le casadh nua-aimseartha. Múnlaíonn na treochtaí seo sinne a chaitheann na héadaí, ach múnlaíonn siad tionscal faisin atá cruthaitheach cuimsitheach agus freagrach ag an am céanna freisin.


## Gluais

**treocht** *trend* **réadúil** *realistic* **dearadh** *design*
**athchúrsáil** *recycling* **inbhuanaithe** *sustainable*
**dramhaíl = truflais** **sómasach = compordach**
**giortach** *smutty* **seacain** *sequin* **casadh** *twist*
**múnlaigh** *mould* **cruthaitheach** *creative*
**cuimsitheach** *inclusive*



## Crosfhocal daoibh!

(Freagraí ag deireadh na caibidle)



**Trasna**

1 an dara séasúr den bhliain (8)
5 truflais (8)
6 an chéad séasúr den bhliain (7)
10 díobháil, dochar (8)
11 comónta, ginearálta (9)
12 saol, an talamh a gcónaímid air (6)

**Síos**

2 athúsáid (11)
3 comhshaol (12)
4 stíl (7)
7 leis, fosta, chomh maith (7)
8 compordach (8)
9 slí, caoi, bóthar (7)



© Gael Linn

# Saoire Spóirt



1 Tá dhá shaghas saoire ann, dar liomsa – saoire ghníomhach agus saoire shuaimhneach. Más maith leat meascán den dá rud, b'fhéidir gurb í saoire spóirt an freagra. Is féidir spórt nua a fhoghlaim nó a chleachtadh, ach é a dhéanamh in áit nó i dtír éigin eile. Má bhíonn tú gníomhach i rith an lae, tig leat a bheith ar do shuaimhneas tráthnóna!

2 Ceann de na spóirt is nuaí agus is mó a bhfuil tóir air ar laethanta saoire anois ná leadóg phicile. Meascán de bhadmantan, leadóg agus leadóg bhoird atá sa spórt seo. Baintear úsáid as bata gearr, liathróid phollta agus eangach chun an spórt taitneamhach seo a imirt. Chomh maith le leadóg phicile a imirt ar saoire an Samhradh seo beidh daoine ag freastal ar ranganna ióga, corpacmhainne, sciáil uisce – nó beidh siad ag rothaíocht agus ag snámh, ar ndóigh.



3 Baineann costas mór le laethanta saoire agus tá an turasóireacht bhúmaraing, ina dtéann páistí fásta ar saoire lena dtuismitheoirí, ag éirí coitianta anois. Ní hamháin go laghdaíonn an socrú seo an costas do pháistí nach bhfuil ag saothrú airgid go fóill, b'fhéidir; ach bíonn siad ag cruthú cuimhní lena dtuismitheoirí agus ag caitheamh ama leis an teaghlach chomh maith.

**Gluais**

**is nuaí** *newest* **leadóg phicile** *pickleball*
**pollta** *perforated* **eangach** *net*
**corpacmhainn** *fitness*



## Nóta (turasóireacht bhúmaraing)

I gcás an chineál seo turasóireachta, filleann turasóirí ar áit arís is arís eile, bliain i ndiaidh bliana, faoi mar a dhéanann búmarang!

## Tasc beag duit!

### Obair ghrúpa

**Pleanáil laethanta saoire do dhaoine éagsúla!**

- Bígí ag cuimhneamh ar ghníomhachtaí d'aoiseanna éagsúla.
- An féidir saoire ghníomhach agus saoire shuaimhneach a chur ar fáil san áit cheanna?
- An féidir gach duine a choimeád sásta ar laethanta saoire?
- Bíodh comhrá ranga agaibh le chéile, bunaithe ar an ábhar thuas.

## Laoch gan ghradam

Bhí ócáid dheas in Farmleigh i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna – nuair a bronnadh gradam ar sheisear daoine. Bhí gach duine acu tar éis a bheatha féin a chur i mbaol chun cabhrú le duine a bhí i sáinn. Is laochra iad na daoine sin agus tá sé ceart agus cóir go mbronnfaí gradam orthu.

Níor bronnadh gradam den sórt riamh ar Paul Jackson, áfach. As Baile Átha Cliath do Paul agus tá sé anois dhá bhliain is ceithre scór d'aois.

© Gael Linn

Nuair a bhí sé óg d'fhreastail sé ar Choláiste Belvedere. Lá amháin ní raibh a obair bhaile déanta aige agus, mar phionós, coinníodh istigh é tar éis scoile. Chaill sé an traenáil rugbaí dá bharr. Nuair a bhí sé ag rothaíocht abhaile tháinig an slabhra dá rothar agus bhí air siúl!



Nuair a shroich sé ceann de na droichid ar an gcanáil chuala sé ruaille buaille agus d'fhéach sé isteach chun a fháil amach céard a bhí ar siúl ann. Bhí páiste óg tar éis titim isteach san uisce. Ní raibh tásc ná tuairisc ar an bpáiste bocht. Bhain Paul a chóta is a bhróga de agus léim sé isteach san uisce. D'éirigh leis an páiste a shábháil!

Nach ar an 'bpáiste' a bhí an lúcháir nuair a bhuail sé le laoch an ama sin den chéad uair an Nollaig seo caite!

### Gluais

**i sáinn = i gcruachás** **lúcháir = áthas mór**

## Ábhar comhrá daoibh!

### Pléigí na ceisteanna seo le chéile.

1 An bhfuil aithne agat ar aon laoch a chuir a bheatha féin i mbaol ar son duine eile?
2 Céard iad na rudaí aisteacha a tharla i saol Paul a d'fhág gur shroich sé an chanáil ag an am a bhí an páiste san uisce?
3 An dóigh leat gur snámhaí é Paul?
4 Céard a cheap muintir Paul, dar leat, nuair a chuala siad an scéal?
5 Scríobh comhrá gearr ag léiriú a raibh le rá ag an 'bpáiste' agus an laoch le chéile um Nollaig.

# Clós na Scoile!




Céard iad na cuimhní atá agat ar an gclós scoile agus tú i do pháiste? Baineann go leor gasúr an-spraoi as an deis a bhíonn acu súgradh sa chlós. I roinnt bunscoileanna bíonn clós faoi leith ann do ranganna faoi leith. Tá bunscoileanna eile ann a bhfuil easpa spáis iontu, áfach. Bíonn an iomarca páistí sa chlós ag an am céanna sna scoileanna sin!

Baintear úsáid as dromchla an chlóis i roinnt scoileanna chun cluichí a leagan amach orthu – cluichí ar nós nathracha is dréimirí nó cleas na bacóide. Ar ndóigh is minic cluichí liathróide de shaghsanna éagsúla á n-imirt sa chlós. Ach thar aon rud eile, bíonn páistí i gcónaí ag rith is ag screadaíl sa chlós. Anuas air sin, tarlaíonn timpistí beaga do pháistí lá i ndiaidh lae.




Sa lá atá inniu ann bíonn daoine fásta ag tabhairt níos mó airde ar a mbíonn ar siúl sa chlós scoile. Tuigtear anois go gcuireann an fuadar agus an gleo an-fhaitíos ar pháistí áirithe. Tuigtear, freisin, go ndéantar bulaíocht ar go leor gasúr sa chlós scoile agus go mbíonn buairt agus imní orthu dá bharr. Nár dheas an ní é dá bhféadfadh gach páiste inniu dea-chuimhne a bheith aici/aige ar am sosa sa bhunscoil?


© Gael Linn

## Gluais

**faoi leith = speisialta** **dromchla** *surface*
**nathracha is dréimirí** *snakes 'n ladders*
**cleas na bacóide** *hopscotch*
**fuadar = rith anonn is anall**

## Obair Bheirte

### Agus sibh ag sealaíocht le chéile, léigí amach na ceisteanna seo a leanas agus freagraígí iad.

1 Céard iad na cuimhní atá agat ar an gclós scoile agus tú sa bhunscoil?
2 An dóigh leat go mbíonn an iomarca páistí sa chlós ag an am céanna?
3 An mbíonn mórán saoirse ag páistí sa chlós scoile?



4 Bíonn crainn arda nó fráma dreapadóireachta sa chlós scoile i go leor scoileanna i dtíortha eile. An dóigh leat gur maith an smaoineamh é sin? Cén fáth nach mbíonn a leithéid againn sa tír seo, dar leat?
5 Inis dom faoi rud éigin greannmhar a tharla sa chlós agus tú ag freastal ar an mbunscoil.
6 Déan cur síos ar chara mór a bhí agat le linn duit a bheith sa bhunscoil.

# Meitheal!

Má tharlaíonn go mbíonn tú faoin tuath sa Samhradh nó san Fhómhar, is cinnte go dtugann tú an t-innealra mór a bhíonn ag feirmeoirí faoi deara. Déantar an-chuid oibre an an bhfeirm le hinnealra na laethanta seo. Ach céard a tharlaíodh na blianta ó shin nuair a bhíodh ar fheirmeoirí an obair fhisiciúil a dhéanamh gan aon innealra?

Bhíodh plean i mbeagnach gach ceantar sa tír agus thagadh feirmeoirí le chéile chun an obair a dhéanamh mar ghrúpa – le chéile. Ag amanna áirithe sa bhliain bhailídís ag feirm amháin agus dhéanaidís an obair bhliantúil (baint an fhéir, na mbarr is na móna) ar an bhfeirm sin. An tseachtain ina dhiaidh sin bhídís ar fad ag cabhrú ar fheirm comharsan eile. D'ullmhaíodh bean an tí dinnéar dóibh uile ar na laethanta a bhíodh an obair ar siúl ar an bhfeirm. Thugtaí 'meitheal' ar an ngrúpa agus, ar ndóigh, chabhraigh scileanna an ghrúpa go mór chun an obair a dhéanamh ní ba thapúla agus ní b'éifeachtaí.

Tá go leor le foghlaim ón gcur chuige sin. I scoileanna an lae inniu leagtar an-bhéim ar obair ghrúpa. Ní haon ionadh é sin, mar is cuma cén t-oideachas a chuirtear orainn, bíonn scileanna nádúrtha ag daoine a chuireann ar a gcumas tasc a chur i gcrích go héifeachtach. Tá an-fhírinne sa seanfhocal, *Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine*.

## Gluais

**meitheal = grúpa daoine ag obair le chéile**
**innealra** *machinery* **barr** *crop*

### Meaitseálaigí na focail/frásaí le chéile sa ghreille thíos!

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | níos tapúla | A | ní miste |
| 2 | meitheal | B | go hiomlán, gach |
| 3 | uile | C | grúpa oibre |
| 4 | a chur i gcrích | D | scéim, seift |
| 5 | a thabhairt faoi deara | E | ócáidí faoi leith |
| 6 | plean | F | modh (oibre) |
| 7 | is cuma | G | a fheiceáil |
| 8 | amanna áirithe | H | níos gasta / níos gaiste |
| 9 | cur chuige | J | uair sa bhliain |
| 10 | bliantúil | K | a chríochnú |

© Gael Linn

# Cén fáth nach gcabhróimis?

Tá teaghlach i gContae Chorcaí a chuir tús le gnó roinnt blianta ó shin. Déanann siad criospaí as glasraí. Tá trí shaghas criospaí ar an margadh acu anois – criospaí déanta as biatas, criospaí déanta as meascán de bhiatas, chairéid agus mheacain bhána agus criospaí déanta as prátaí.



Baintear an biatas as an talamh le meaisín i Mí Dheireadh Fómhair de ghnáth. Bhí fadhb ag an teaghlach an bhliain seo caite, áfach. Toisc gur thit an t-uafás báistí i míonna Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair, ní fhéadfaí an t-innealra a úsáid ar an talamh!

I lár Mhí na Samhna fógraíodh báisteach throm agus tuilte sa cheantar. Bhuail imní mhór iad. Bhí an biatas fós sa talamh agus bhí a fhios acu go loitfí é dá mbeadh tuile sa pháirc. Tráthnóna Dé hAoine chuir siad scéal amach ar na meáin shóisialta ag lorg cúnaimh. Chuir siad in iúl go raibh acra talún de bhiatas le baint agus go loitfí é dá bhfágfaí sa talamh é thar an deireadh seachtaine.

Maidin Dé Sathairn tháinig daoine ó chian is ó chóngar (tháinig fear amháin ó Chill Chainnigh). Bhí meitheal ann a thug faoin obair le fonn! Laistigh de ceithre huaire an chloig bhí an biatas ar fad bainte as an talamh agus d'éirigh leis an teaghlach criospaí breátha a dhéanamh. Ní neart go cur le chéile!


### Gluais

**meacan bán** *parsnip* **an t-uafás = a lán**
**tuile** *flood* **le fonn** *eagerly*

### Oibrígí amach na hanagraim thíos, atá bunaithe ar an sliocht.

*ceamna; tsabia; hmlaat; ttiuel; éd aheoin; edaioen; nnof; frea; íaproics; eantr tfíoil; taíráp*

## Crosfhocal daoibh!




**Trasna**

1 cabhair, cuidiú (6)
3 glasra milis dearg a itear le sailéad (6)
4 an glasra is comónta in Éirinn? (5)
7 muintir an tí, an _____ (9)
9 meacan dearg (7)
10 inneall, gléas meicniúil oibre (7)
11 aonach, conradh (7)

**Síos**

2 grúpa daoine ag obair as lámha a chéile (8)
3 fearthainn (9)
5 plandaí ar nós cabáiste, prátaí, oinniúin (7)
6 contae in iardheisceart na hÉireann (8)
8 brioscáin, brioscáin prátaí (8)

## Bliain Bhisigh!

Bíonn bliain bhisigh ann gach ceithre bliana. Tuigimid gur bliain bhisigh í nuair is féidir an dá dhigit dheireanacha sa bhliain a roinnt go cothrom ar a ceathair – (24) ÷ 4 = 6! Mar sin, tá bliain bhisigh ann i mbliana.




I mbliain bhisigh bíonn lá sa bhreis i Mí Feabhra, an naoú lá is fiche. Má tharlaíonn gur rugadh thú ar 29 Feabhra, ní bhíonn lá breithe 'oifigiúil' agat ach uair amháin gach ceithre bliana!

An dóigh leat go gcaillimid seans nuair nach ndéantar ceiliúradh sa tír ar an lá mór sin? Ar chóir go mbeadh féile i mbailte na tíre? Ar chóir go gcuirfí na daoine i ngach paróiste a bhfuil lá breithe acu ar an lá sin i lár an aonaigh?


© Gael Linn

Ar cheart dúinn a aithint go bhfuil sé dian orthu go dtéann trí bliana thart sula mbíonn ceiliúradh ceart acu arís?


An bhfuil éinne in bhur rang a rugadh ar an naoú lá is fiche d'Fheabhra? An bhfuil aon mhúinteoir sa scoil arb é sin an dáta breithe atá aige/aici? An bhfuil aon smaointe agaibh faoi cheiliúradh fónta? Ar cheart go mbeadh a leithéid ann?

## Obair daoibh!

**Freagraígí na ceisteanna sa dá alt dheireanacha thuas.**

## Crosfhocal eile daoibh!

(Freagraí san Aguisín Idirlín)



Trasna

3 úsáideach, áiseach, maith (5)
4 tréimhse 365 lá (6)
5 a haon, a dó, a trí, a _____ (8)
7 crua, géar, trom, deacair, doiligh (4)
8 lá. mí agus bliain áirithe san fhéilire (4)
9 oide, duine a bhíonn ag teagasc (9)

Síos

1 ceantar eaglaise (8)
2 Tá Siobhán trí _____ d'aois. (6)
3 ócáid mhór; fleá (5)
4 bliain agus 366 lá inti; bliain _____ (7)
5 4 bád = _____ bhád (7)
6 tréimhse foghlama i do scoil (4)

# Ceol



Cé a déarfadh nach bhfuil tábhacht ag an gceol sa saol? Uaireanta tugtar an teanga idirnáisiúnta ar cheol. Is cuma cén áit ar domhan ina mbíonn daoine, tig leo taitneamh a bhaint as ceol. Ní bhíonn aon ghá le foclóir chun ceol a thuiscint. Ní gá duit ach suí síos agus cluas le héisteacht a thabhairt do na fuaimeanna i do thimpeall.

Tá traidisiún láidir ceoil i ngach áit in Éirinn. Is iomaí saghas ceoil a bhíonn le cloisteáil sa tír. Is beag áit nach féidir ceol traidisiúnta a chloisteáil ann.

Is iontach an rud é go bhfuil ceol ina ábhar roghnach don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht. Is buntáiste mór é do na ceoltóirí go bhfuil an-chuid marcanna le tuilleamh acu ar an gceol praiticiúil – seinm nó canadh.

I rith an tSamhraidh éagraítear an-chuid féilte ceoil ó cheann ceann na tíre. Baineann daoine, idir óg agus aosta, an-sult go deo astu.

É sin ar fad ráite, áfach, is fíor go mbíonn daoine ag baint taitnimh, lá i ndiaidh lae, as ceol de gach aon saghas – ar an bhfón póca nó ar an ríomhaire.

### Gluais


**ceol tuaithe** *country music* **ceol tíre** *folk music*
**snagcheol** *jazz*

## Ábhar smaoinimh daoibh!

1 Ainmnigh áiteanna sa tír inar féidir le daoine éisteacht le ceol.
2 Cá mhéad uirlis ceoil ar féidir libh a ainmniú?
3 Cén sórt ceoil is mó a mbaineann bhur ngrúpa taitneamh as?
4 Ainmnígí na ceoltóirí is fearr libh.
5 Cén t-eolas atá agaibh faoi amhránaíocht ar an sean-nós?


© Gael Linn

# Ar an tSráid - Cuid a Trí






© Gael Linn




Katie Fleming

© Gael Linn

# Ar an tSráid (Cuid a Trí)

## Téacs an Scéil!

Níor aithin Caolán an seomra ina raibh sé nuair a dhúisigh sé ar maidin. Ghlac sé cúpla nóiméad air a intinn a chaitheamh siar agus cuimhneamh ar an oíche roimhe sin. D'éirigh sé agus chuaigh sé síos staighre. Mheall boladh an bhricfeasta a bhí á ullmhú ag Brídín é chuig an gcistin.

Isteach leis agus chonaic sé ansin ina shuí ag an mbord, a athair. Thiontaigh sé le himeacht arís, ach sheas a dhaid.

"A Chaoláin, fan nóiméad. Le do thoil…"

"Níl aon rud le rá agam leatsa."

Chonaic Caolán an díomá ar aghaidh a athar agus, cé go raibh fonn air imeacht, d'fhan sé ina sheasamh ag an doras.

"A Chaoláin, a mhic. Tá brón orm. Ní thuigfidh tú go deo an buaireamh atá orm."

Shiúil Brídín chuig taobh Chaoláin agus chuir sí a lámh thart ar a ghualainn.


"Éist, a stór, ní féidir leat imeacht in aon áit ar bholg folamh. Suigh agus ith do chuid."

Shuigh Caolán agus cuireadh tósta agus cupán tae os a chomhair. D'ith sé gan focal as.

Ar deireadh, labhair a athair arís.

"Tá a fhios agam nár chaith mé go maith leat, a Chaoláin. Ní ólfaidh mé deoch riamh arís le mo shaol."

Níor thóg Caolán a shúile ón bpláta a bhí roimhe.




"Nuair a d'imigh tú… Nuair a thuig mé go raibh tú caillte agam, mar atá do mháthair…"

Bhris na deora ar shúile a dhaidí agus, den chéad uair, d'fhéach Caolán díreach air.

"Lig … lig mé síos thú. Lig mé mé féin síos."

Ba dheacair do Chaolán breathnú ar a athair sa riocht ina raibh sé agus leáigh cuid éigin den fhuacht a bhí ina chroí. Bheadh tamall ann sula mbeadh sé in ann muinín iomlán a bheith aige as a athair arís, ach chuimhnigh sé ar an tseachtain a bhí caite aige ar na sráideanna agus ní raibh sé ag iarraidh filleadh ar an saol sin ach an oiread.

Líon Brídín cupáin na beirte agus d'fhág sí iad lena gcuid smaointe. Chuimhnigh sí ar a cara, Joanne. Bhí Caolán an-chosúil léi. Bhí súil aici go mbeadh an t-ógánach agus a athair, an bheirt ba mhó a raibh grá ag Joanne dóibh, in ann a gcuid fadhbanna a réiteach. Bheadh bóthar fada le siúl ag an mbeirt acu, ach, ar a laghad, bhí tús curtha leis an aistear.

## Gluais

**buaireamh = imní, buairt** **leáigh** *melt*



© Gael Linn

# Ar an tSráid – Obair daoibh!

**Éistigí leis an scéal á léamh ag an múinteoir agus sibh ag féachaint ar na pictiúir sa scéal grafach. Ansin déanaigí na tascanna ar an leathanach seo.**




## Freagraígí na ceisteanna seo a leanas.

1 Cad chuige ar fhág Caolán teach a mhuintire? (tús an scéil)

2 *Ghlac sé cúpla nóiméad air… cuimhneamh ar an oíche sin*. Scríobh alt gairid faoinar tharla an oíche roimhe sin, dar leat.

3 *A Chaoláin, fan nóiméad. Le do thoil…* Cad chuige nach raibh fonn ar Chaolán fanacht agus dreas cainte a bheith aige lena athair, i do thuairimse?

4 *Bhris na deora ar shúile a dhaidí…* Conas a mhothaigh Caolán nuair a chonaic sé é sin ag tarlú, dar leat?

5 Cad dúirt Brídín nuair a labhair sí le Caolán **agus** ar ghéill seisean di?

## Obair Bheirte

- Scríobhadh gach duine agaibh cúpla abairt faoi thitim amach a bhí agaibh le cara éigin. **(Ní gá go mbeadh sé fíor!)**
- Léigí amach an cuntas sin dá chéile.
- Léadh gach duine agaibh do chuntas féin os comhair an ranga.

## Cuir críoch leis an scéal seo thíos. (Alt!)

- *Níor labhair Labhrás ná Tadhg le chéile le fada an lá. Shiúil Tadhg go dtí an t-ionad siopadóireachta agus cheannaigh bronntanas beag. Ar aghaidh leis chuig teach mhuintir Labhráis agus bhuail cnag ar an doras.* Cuir críoch leis an scéal sin!



## Ceisteanna eile daoibh!

1 Déan cur síos ar ar tharla nuair a shroich Caolán doras an tseomra.

2 Cén gheallúint a thug an t-athair dá mhac?

3 Mínigh a raibh i gceist ag athair Chaoláin nuair a dúirt sé: … *thuig mé go raibh tú caillte agam, mar atá do mháthair.*

4 *Lig … lig mé síos thú. Lig mé mé féin síos.* Mínigh a raibh i gceist ag an athair nuair a dúirt sé é sin. Bíodh tagairt agat (i) don chaoi ar lig sé Caolán síos **agus** (ii) don chaoi ar lig sé é féin síos.

5 Conas a bhraith Caolán, dar leat, nuair a chonaic sé na deora ag sileadh amach as súile a athar? An dóigh leat go raibh aon dóchas aige go dtiocfadh athrú ceart ar a shaol?

6 *Líon Brídín cupáin na beirte agus d'fhág sí iad lena gcuid smaointe*. Cad iad na smaointe a bhí in aigne an athar, dar leat?

7 "Ag deireadh an lae ba í Brídín laoch an scéil seo." Do thuairim uait faoi fhírinne an ráitis sin.

© Gael Linn

# Cluastuiscint (CD 4) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.)

## CUID A

**Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| An eagraíocht a d'eisigh an fógra seo | |
| Ainm na staide i mBaile Átha Cliath | |
| Rud atá le déanamh fós i mBéal Feirste | |
| Buntáiste a bheidh ag na cluichí do chúrsaí airgeadais in Éirinn | |

### Fógra a Dó

1 Cad a bhí ag tarlú le roinnt míonna anuas?

2 Cén tionchar a bhíonn ag lucht an fhoréigin ar an gcathair?

3 Céard ba mhaith leis an gComhairle a fheiceáil?

4 Cad a bheidh á phlé ag an Ard-Ceannfort?

## CUID B

**Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.**

### Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

1 Cá mbíonn Róisín ag obair?

2 Cén lá den tseachtain a mbíonn sí ag obair?

3 Luaigh an t-eolas a thugann sí faoi chúrsaí pá.

An Dara Mír

1 Cad deir Róisin faoi phobal an bhaile?

2 Céard a cheapann an scrúdaitheoir faoin mbaile?

### Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1 Ainmnigh slí bheatha a bhfuil suim ag Déaglán ann.

2 Cén sórt dearcaidh atá aige ar an saol?

An Dara Mír

1 Luaigh deacracht amháin atá ag Déaglán leis an gcóras oideachais.

2 Cad a cheapann an scrúdaitheoir faoi dhearcadh Dhéagláin?

## CUID C

**Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Píosa a hAon

| | |
|---|---|
| Líon fear atá á gceistiú | |
| Cé a chuaigh ar bord? | |
| Rud amháin a dúirt an Sáirsint | |

### Píosa a Dó

1 Ainmnigh an contae atá i gceist.

2 Cad tá á dhéanamh ag daoine áitiúla?

3 Cé a thug cead pleanála don chomhlacht?



© Gael Linn

# Cluastuiscint (CD 5) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.)

## CUID A

**Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Ainm an Roinn Rialtais a luaitear | |
| Ainm an bhaile mhóir i Maigh Eo | |
| Trí ábhar a mhúinfear sa scoil | |
| Dhá áis spóirt a bheidh sa scoil | |

### Fógra a Dó

1 Céard a dhéanfar d'úinéirí nach gcoinníonn a gcuid madraí faoi smacht?

2 Ainmnigh an contae ina bhfuil Cathair na Mart.

3 Cén fáth a raibh ar a lán daoine dul chuig ospidéal?

4 Cad a tharlóidh d'aon úinéir a théann amach gan a mhadra a bheith ar éill?

## CUID B

**Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.**

### Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

1 Cad tá á dhéanamh ag Séamas?

2 Luaigh an príomhscéal atá sa nuachtán.

3 Dar le Séamas, céard a bhíonn á dhéanamh ag polaiteoirí nuair a bhíonn siad saor ón Dáil?

An Dara Mír

Cad tá le déanamh fós in Éirinn, dar le Mam?

Céard a deir Séamas faoin sórt tíre í Éire?

### Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1 Luaigh (i) **post** agus (ii) **áit chónaithe** Bhrídín.

(i) ____________________

(ii) ____________________

2 Breac síos pointe amháin eolais faoi shaol Bhrídín agus í sa mheánscoil.

An Dara Mír

1 Cé a bhíonn i gceannas ar an tseirbhís a chuireann nuachtáin ar fáil, dar le Brídín?

2 Luaigh mórscéal amháin a bhí sa nuacht anuraidh, de réir a ndúirt Brídín.

## CUID C

**Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Áit inar tharla an tragóid | |
| Rud **nach ndearna** tiománaí an chairr a leag an bhean | |
| Rud amháin atá á dhéanamh ag na Gardaí anois | |

### Píosa a Dó

1 Cén áit a bhfuil tithe á dtréigean ann?

2 Cad tá ag tarlú le dhá lá amuas?

3 Luaigh fadhb amháin atá ag lucht múchta dóiteán, ____________________


© Gael Linn

# Brionglóidí!



Cén cineál brionglóide a bhí agat aréir? An cuimhin leat? Bhuel, b'fhéidir go n-aithneoidh tú an tábhacht a bhaineann le brionglóidí tar éis duit na pointí thíos a léamh.

Ar tharla i do bhrionglóid, go raibh tú ag rith ó dhuine, ó scáth nó ó bhagairt éigin? An raibh eagla do bháis ort? Má tharla, tá comhairle agam duit – cuir brú ort féin, sa bhrionglóid, stopadh agus tiontú thart. Tabhair aghaidh ar an eagla. Cad a tharlóidh? Ar ndóigh, tuigeann tú nach féidir le brionglóid tú a mharú; agus, mar sin, beidh tú slán sábháilte. Pearsantú ar an eagla atá sa duine, sa bhagairt nó sa scáth. Níl ann ach do shamhlaíocht! Tabhair aghaidh air agus imeoidh sé!



An raibh brionglóid ghléineach agat riamh? Is brionglóid í sin ina mbíonn a fhios agat gur ag déanamh brionglóide atá tú! Tuigeann tú an réimse leathan nithe a tharlaíonn i mbrionglóid agus tuigfidh tú go bhfuil smacht agat ar a ndéanann tú. Is féidir leat léim sa spéir agus dul ag eitilt go dtí an Afraic Theas más maith leat – nó dul ag tumadh faoin bhfarraige más mian leat. Níl teorainn leis na rudaí ar féidir a dhéanamh. Bain triail as!

Breac síos sonraí na mbrionglóidí a bheidh agat anocht agus bain ciall astu!

## Gluais

**bagairt** *threat* **pearsantú** *personification*
**gléineach = an-soiléir**

# Draíocht agus Cumhacht an Cheoil

Agus mé ag chéad chleachtadh 2024 mo chóir i Mí Eanáir, rith sé liom cé chomh haoibhinn is atá sé a bheith i mo bhall de chór. Chomh luath is a théim isteach an doras, beannaíonn cairde dom, agus daoine nach bhfaca mé riamh, atá ag iarraidh canadh linn. Seanchairde agus cairde nua gan dabht. Tosaímid le cleachtaí 'téamh suas' ina dtugaimid suathaireacht dúinn féin – agus ansin do ghuaillí a chéile.



Bíonn sé sin go hálainn ar fad. Déanaimid análú domhain chun ár scamhóga a líonadh le haer úr a chuirfidh ar ár gcumas canadh níos fearr. Ansin tosaímid ag canadh mar is ceart. Is aoibhinn liom an chéad amhrán a chanamar, cé go dtuigim nach é an t-amhrán is fearr a thaitneodh le gach duine – *Chitty Chitty Bang Bang!!*

Bhí roinnt fear ann ag gearán mar nach maith leo an scannán, an ceoldráma ná an t-amhrán áirithe sin. Mise? Bhí mé beagnach ag damhsa, mar a bhí roinnt mhaith daoine eile sa chór – ní miste linn a bheith páistiúil ó am go chéile.


Ansin, *The Bluebird* le Stanford, a rugadh céad bliain ó shin. Cumadóir Éireannach ab ea é, a chaith a shaol i Sasana agus a bhain clú agus cáil amach dá chuid ceoil. Tá an t-amhrán córúil, *The Bluebird*, galánta ar fad. Canann an cór le chéile, ag cruthú cordaí saibhre; agus os cionn an cheoil sin, canann bean óg amháin, a bhfuil guth aici ar nós an éin.

Ag deireadh an chleachtaidh, tagaim amach ag ceol liom féin, mar a bheinn ag eitilt le háilleacht an cheoil!


© Gael Linn

# Cumhacht Leighis sa Nádúr

Más faoi strus atá tú anois – ag scrúduithe, ag cairde, ag an teaghlach sa bhaile – is fiú duit imeacht go háit chiúin agus suí ann ar do chompord, timpeallaithe ag an nádúr – nó siúl ann fiú. Tá cumhacht ar leith ag an suaimhneas a chruthaíonn an nádúr agus cuidíonn an suaimhneas sin linn tinneas, strus ach go háirithe, a leigheas.




D'aithin Athair an Leighis, Hippocrates, an fear ar leis na focail a dhéanann suas an Mionn Hipeacraitéach, d'aithin sé an chumhacht leighis sin. D'aithin sé fosta an chumhacht atá ag bia daoine a leigheas nuair a dúirt sé, "Bíodh bia ina leigheas agat."

Bia a fhásann go nádúrtha faoin spéir a bhí i gceist aige, ar ndóigh. Bíonn tionchar ag aclaíocht sa nádúr orainn. Cuidíonn sé linn dul i ngleic le galair ainsealacha, cuidíonn sé linn strus agus dubhachas a mhaolú, cuireann sé le luas an leighis agus leis an gcóras imdhíonachta a neartú.


Mar sin, téigh chuig an trá áitiúil nó dreap sliabh. Téigh ag siúl sna cnoic, siúil thart ar loch, rith sa pháirc áitiúil – nó siúil thart ar chrann fiú! Déan aclaíocht éigin, timpeallaithe ag an nádúr, más féidir, agus tóg análacha móra fada isteach agus é sin ar siúl agat. Déanfaidh sé sin maitheas an domhain do do shláinte!

## Gluais

**Mionn Hipeacraitéach** *Hippocratic Oath*
**ainsealach** *chronic* **dubhachas = gruaim**
**imdhíonacht** *immunity*
**aclaíocht = cleachtadh coirp**

# Crosfhocal daoibh!

## (Freagraí ag deireadh na caibidle)




**Trasna**

2 triail eolais, tástáil (6)
3 cuir biseach ar dhuine tinn (8)
5 dua, stró, straidhn (5)
9 freisin (5)
10 cleachtadh coirp, fuinneamh, lúth (9)
12 cabhraigh (7)

**Síos**

1 an t-aer díreach os ár gcionn (5)
2 ciúnas, sos (10)
4 neart, fuinneamh, ábaltacht (8)
6 éifeacht (8)
7 gruaim (9)
8 speisialta (2,5)
11 gealltanas sollúnta, móid (5)



© Gael Linn

# Freagra ar mhasla do Mhná na hÉireann!

**Tá an ceacht seo bunaithe ar fhíseán a thaifead an file Ciara Ní É, atá ar fáil ar *YouTube* ag an url nó ag an gCód *QR* thíos.**

https://www.youtube.com/watch?v=aX3M-0YCFYc

**Sula bhféachann tú ar an bhfíseán faigh tuairimí ón rang faoin dá cheist seo:**

- An mbíonn meas ag buachaillí ar chailíní?
- Cad deir buachaillí faoi chailíní nuair nach mbíonn na cailíní i láthair?

**Cloisfidh tú na focail faoi chló iodálach anseo thíos ar an bhfíseán. Sula bhféachann tú air, déan iarracht iad a thuiscint. Labhair le daoine eile sa rang nó seiceáil na focail i d'fhoclóir.**

*cnámharlach* *sách* *míofar*
*ar mire* *smideadh* *béalscaoilte*
*samhnas* *ag radadh* *suntasach*
*fabht*

## Féach ar an bhfíseán!

*Lá amháin, chonaic an file rud a bhí scríofa ar líne ag fear darbh ainm Ger. Chaith Ger masla ar bhean cháiliúil. Dúirt sé go raibh sí ramhar, gránna agus béalscaoilte. Dúirt sé freisin gur chaith sí an iomarca smididh agus go raibh sí lán di féin.*

*Chuir sé sin fearg ar an bhfile agus chum sí an freagra seo ar mhasla Ger.*



## Féach ar an bhfíseán agus freagair na ceisteanna seo:

- An dtaitníonn an dán/rap seo leat? Cén fáth?
- Conas a thagann an file Ciara Ní É 'trasna' san fhíseán?
- An dóigh leat go bhfuil an dán/rap seo greannmhar?

## Éistigí leis an dán/rap arís agus bígí ag léamh na bhfocal. Bíodh plé agaibh sa rang faoi aon fhocal nó frása nach dtuigeann sibh. Ansin, freagraígí na ceisteanna arís.




© Gael Linn

# Na rudaí is mó nach maith liom faoi mhná na hÉireann

*ramhar gránna béalscoilte*
*an iomarca smididh agus lán di féin.*

**Gúgláil an teideal thuas agus tú ag éisteacht.**

Léigh mé do liosta díreach ansin – na tréithe nach maith leat faoi mhná na hÉireann. Ar dtús, ní ramhar an bhean úd. Ní cnámharlach í, *but it's not 2002*. 'Bhfuil tú uaigneach, Ger? Nach bhfuil éinne i do shaol? 'Bhfuil sé deacair ort teacht ar bhean chéile? Nó cén fáth eile a gcaithfeá oíche Aoine ag gearán faoi choirp na mban ar líne?

Mar mhasla, tá 'gránna' sách páistiúil. Éasca le rá agus deacair a bhréagnú. D'fhéadfá é a thabhairt ar dhuine amháin, ní ar gach aon bhean lena dtitfeas tú i ngrá. Ach, Ger… is suntasach do thuairim gur míofar iad mná uile na hÉireann. Léiríonn sé sin fabht ionatsa, dála an fhir a deir go bhful a iarpháirtithe ar fad ar mire.

Tá teoiric agam. Na fir a shíleann gur deise mná 'go nádúrtha'. Roinneann siad freisin rud éigin eile. Nuair a fheiceann siad bean gan smideadh uirthi. "'Bhfuil tú tuirseach nó tinn?" a fhiafraíonn siad di. Faoin smideadh, is dócha nach dtuigeann tú tada; dar leat, tá áilleacht Kim Kardashian nádúrtha. (Ach níl!)

Seanmhaslaí iad 'béalscaoilte' agus 'lán di féin' do mhná agus ba bhreá liom iad a shéanadh. Ach faraor, tá bunchoimhlint ann sa chaoi gur bean mé! Ag caint os comhair an tsaoil! Ger, an bhfuil samhnas ort liom? Chomh-scaoilte-den-bhéal! Díom-fhéinig-chomh-lán! An mise do liosta amach is amach? An bhfuil na tréithe ar fad le sonrú ionam?

Áit éigin sa tír seo, is ann do Ger Nolan, é ag radadh amach a chuid tuairimí lofa. Taobh thiar de scáileán, anaithnid, i bhfolach, na mílte Ger Nolan, bacach is brocach. Deir sé gur thit bean na teilí chun feola is é cromtha ar an tolg, canna beorach ar a bholg. Ach is cuma leis an saol má tá Ger Nolan ramhar agus is cuma sa tsioc leo é bheith gránna. Níl Ger 'béalscaoilte' – labhraíonn sé! Tá rialacha éagsúla aige do mhná agus dó féin. Ní bhíonn an iomarca smididh air, ní bhíonn puinn! Níl sé lán leis féin – tá sé lán de mhuinín! Ach gach bean in Éirinn, mise san áireamh?

1 Cad deir an file faoin bhfocal 'gránna'?
2 Cén tuairim shuntasach atá ag Ger, dar leis an bhfile?
3 An gceapann an file go bhfuil áilleacht Kim Kardashian nádúrtha?
4 Cén fáth nach féidir leis an bhfile na seanmhaslaí 'béalscaoilte' agus 'lán di féin' a shéanadh?
5 Cad iad na 'tuairimí lofa' atá ag Ger Nolan?
6 Cad tá i gceist ag an bhfile nuair a deir sí 'na mílte Ger Nolan'?
7 An bhfuil an file searbhasach? Faigh sampla.

## Plé Ranga

An bhfuil trua agaibh do Ger Nolan? An raibh sé ceart a ainm a úsáid sa dán/rap seo?
Cén freagra ar cheart a thabhairt ar dhaoine a deir rudaí gránna ar líne?

## Díospóireacht Siúil

Croch trí phostaer sa seomra. Ceann amháin le 'AONTAÍM' scríofa air, ceann eile le 'NÍ AONTAÍM' scríofa air agus an ceann eile le 'NÍL A FHIOS AGAM' scríofa air.

## Déan plé ar an rún seo a leanas: "Tá meas ag buachaillí ar chailíní."

Má aontaíonn tú leis an ráiteas thuas, seas in aice leis an bpóstaer a deir 'aontaím'. Mura n-aontaíonn tú leis, seas in aice leis an bpostaer a deir 'ní aontaím'. Mura bhfuil tú cinnte, seas in aice leis an bpostaer a deir 'níl a fhios agam'.

Éist leis na tuairimí atá ag daoine eile. Tá cead agat siúl thart ar an rang chuig postaer eile, má athraíonn tú d'intinn.

## Bí cruthaitheach!

**Cruthaigh rap nó dán de do chuid féin a thugann freagra ar rud nach dtaitníonn leat.**

© Gael Linn

# Second Captains!

Sa bhliain 2002 osclaíodh staisiún raidió nua in Éirinn – staisiún gan cheol darbh ainm *Newstalk*. Bhí comórtás láidir ar fáil do RTÉ agus ceann de na cláir ba choitianta ná clár spóirt darbh ainm *Off the Ball*. Bíonn *Off the Ball* fós le cloisteáil ar *Newstalk* gach oíche agus fiú ar maidin, ach nuair a cuireadh tús leis os cionn fiche bliain ó shin, bhí cúigear daoine óga uaillmhianacha taobh thiar den mhicreafón.



Faraor, ní raibh an cúigear róshásta le *Newstalk* agus, sa bhliain 2009, d'fhág Ken Earley, Ciarán Murphy, Eoin McDevitt, Mark Horgan agus Simon Hick an staisiún faoi agóid. Thar oíche bhí siad dífhostaithe agus ba bheag oscailt a bhí ar fáil dóibh. Chaith siad ceithre bliana ag déanamh cúpla clár do RTÉ agus ag scríobh don *Irish Times*, ach ba léir nár leor sin.

Sa bhliain 2013 shocraigh an cúigear acu podchraoladh nua darbh ainm *Second Captains* a lainseáil agus, diaidh ar ndiaidh, thosaigh daoine ag éisteacht agus ag íoc as éisteacht! Scaoileann *Second Captains* sé phodchraoladh amach gach seachtain. Bíonn dhá cheann ar fáil saor in aisce – agus síntiús cúig euro in aghaidh na míosa ag teastáil le héisteacht leis na cinn eile. Sin mar a thuilleann na leaideanna a gcuid airgid. Íocann níos mó ná deich míle éisteoirí cúig euro leo in aghaidh na míosa!

### Gluais

**agóid** *protest*
**uaillmhianach = ardaidhmeannnach** *ambitious*

### Anagraim daoibh!

Déanaigí iarracht na hanagraim thíos a scaoileadh. (Leid daoibh: tá gach focal sa sliocht thuas.)

*hriat* *aeófnicrm* *rrfaao* *plaúc*
*ocí* *tssníúí* *iechd* *gciú*
*gaóid* *scltoaií* *dhaloarchdpho*

# Plean Cinnte!



Deireadh Mhí an Mhárta 2021 a bhí ann agus bhí cúinne le tógáil ag Daryl Horgan d'fhoireann náisiúnta sacair na hÉireann. Bhí siad ag imirt i gcoinne fhoireann Chatar i gcluiche cairdiúil. Chuaigh Robbie Brady i dtreo Horgan agus thug Horgan an pas dó, ansin Brady ar ais go Horgan agus chuir Horgan an liathróid go cruinn isteach sa bhosca do James McClean. Le cic amháin ó McClean bhí an liathróid istigh san eangach agus thosaigh gach duine ag ceiliúradh. Bhí cuma chomh simplí sin ar an gcúl! Bhí an plean cinnte seo ag fear amháin, fear darbh ainm Anthony Barry.

Ba i Learpholl a rugadh Anthony Barry sa bhliain 1986 agus, cé go raibh sé ag iarraidh a bheith ina pheileadóir, níor éirigh leis leibhéal ró-ard a bhaint amach. Chuir sé a chuid fuinnimh isteach sa chóitseáil ansin – agus go háirithe sa ghné 'mír sheasta' sa pheil. Fuair sé post maith le Chelsea i rith *COVID* agus, ina dhiaidh sin, fuair sé an deis dul ag obair le Stephen Kenny agus foireann na hÉireann.

Ba léir do go leor daoine go raibh an-smaointe ag Barry agus ní rófhada a d`fhan sé le Kenny. D'imigh sé le jab a dhéanamh don Bheilg agus ansin don Phortaingéil. Chuir sé aithne ar Tomas



© Gael Linn

Tuchel agus é ag obair le Chelsea agus bhí Tuchel chomh tógtha sin leis gur bhog sé go dtí an Ghearmáin le hobair leis le Bayern Munich. Fan go bhfeicfidh tú – beidh sé ina bhainisteoir fós!

**Gluais**

**eangach = líontán** *net* **mír sheasta** *set piece*

## Crosfhocal eile daoibh!



**Trasna**

4 grúpa 11 sa sacar, grúpa 15 sna cluichí gaelacha (8)
6 neamhchasta, furasta (6)
7 peil gan teagmháil ag lámha leis an liathróid (5)
9 seans, caoi (4)
11 oiliúint, obair a dhéanann traenálaithe (9)

**Síos**

1 buille den chos (3)
2 duine i gceannas (11)
3 ball cruinn a n-imrítear cluichí leis (9)
5 duine a imríonn peil (10)
8 liathróid i gcúl na heangaí! (3)
10 'an chearnóg' sa pheil ghaelach? an _____ sa sacar! (5)

## Cúrsaí Ama!

Tá an oiread sin taithí againn ar an am nach minic dúinn smaoineamh gur córas cineál aisteach é. Tá dhá phríomhuirlis againn chun an t-am a mheas – féilire agus clog. Tá uaireadóir réasúnta simplí le tuiscint, ach cén chiall atá leis na míonna? Cén fáth a bhfuil tríocha is a haon lá i gcúpla ceann de na míonna? Tá comhlachtaí ar fud an domhain a úsáideann féilire tráchtála – gan ach trí chéad seasca lá sa bhliain agus díreach tríocha lá i ngach mí! Déanann an córas sin cúrsaí níos simplí do chuntasóirí.



Is deacair córas ama a athrú. Tar éis Réabhlóid na Fraince, sa bhliain 1793, mar shampla, shocraigh an rialtas nua fáil réidh leis an bhféilire Greagórach agus ceann nua a chur i bhfeidhm. Bhí dhá mhí dhéag fós san fhéilire nua seo, ach díreach tríocha lá i ngach mí (le cúig nó sé lá breise ag deireadh na bliana). Ní raibh seacht lá sa tseachtain, ach deich lá! Mar sin, bhí deireadh seachtaine ní ba lú ann! In ionad seasca nóiméad san uair bhí céad nóiméad san uair, céad soicind sa nóiméad agus deich n-uaire sa lá in ionad ceithre huaire is fiche.



Níor mhair an córas sin rófhada sa Fhrainc, mar ní raibh aon duine eile á úsáid agus, tar éis sé bliana, fuair Napoléon réidh leis.

### Obair daoibhse

Breacaigí síos gach focal ar féidir libh smaoineamh air a bhaineann le cúrsaí ama!

## Diongbháilteacht!



Tá peileadóirí áirithe atá chomh dírithe ar an jab a bhíonn le déanamh acu go n-éiríonn siad 'caillte'. B'in an cineál imreora é Owen (*Mugsy*) Mulligan agus é ag imirt peile do Chontae Thír Eoghain ar feadh cúig bliana déag.

© Gael Linn

Ar an Luan roimh Chraobh Uladh sa bhliain 2003 agus é dhá bhliain is fiche d'aois, bhí scrúdú tiomána ag Mulligan agus, faraor, theip air. Dúirt an scrúdaitheoir leis filleadh ar an gCéadaoin, ach bhí smaointe Mulligan ar an bpáirc imeartha cheana féin agus theip arís air.

Bhí an scrúdaitheoir dóchasach go mbeadh gach rud ceart ar an Aoine, ach den triú huair, theip ar *Mugsy*. Ní raibh sé sásta éirí as, áfach, agus maidin na craoibhe d'fhill sé ar an ionad scrúdaithe agus d'éirigh leis an pas a fháil!

Tráthnóna an lae sin bhí Owen Mulligan ag ceiliúradh le foireann Thír Eoghain agus an bua acu i gCraobh Uladh. Ní ba dhéanaí an bhliain chéanna d'ardaigh captaen fhoireann peile Thír Eoghain Corn Mhig Uidhir den chéad uair riamh! Ní beag an bhaint a bhí ag diongbháilteacht Owen Mulligan leis an mbua sin.

### Gluais

**diongbháilteacht** *determination*

### Meaitseálaigí focal/frása ar an taobh chlé den ghreille thíos le focal/frása ar an taobh eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | craobh | A | níor éirigh le |
| 2 | theip ar | B | teacht ar ais |
| 3 | smaointe | C | leasainm! |
| 4 | filleadh | D | cuimhní/intinn |
| 5 | dhá bhliain is fiche | E | stopadh |
| 6 | éirí as | F | 22 bhliain |
| 7 | *Mugsy* | G | is mór |
| 8 | ní beag | H | cluiche ceannais |

## Tráchtairí Spóirt

Sa bhliain 1980, sa pheil Mheiriceánach bhí na *Jets* ó Nua-Eabhrac le himirt i gcoinne na *Dolphins* ó Miami. Toisc nár chluiche róthábhachtach é, d'úsáid an stáisiún teilifíse NBC an seans seo le triail a bhaint as smaoineamh nua. Shocraigh siad nach mbeadh aon tráchtaire ag caint i rith na hócáide ar fad.

Ina ionad sin bhí ní ba mhó eolais ar an scáileán agus bhí an slua le cloisteáil ní ba mhó freisin.



Nuair a bhí *COVID-19* faoi lán seoil, ba mhinic a chualamar faoin tábhacht a bhain leis an slua chun atmaisféar a chruthú i rith cluiche. Ach theip ar an triail ag NBC, mar tá an tábhacht céanna leis an tráchtaire. Dar le hiriseoir darbh ainm David Israel, gan tráchtaire nach raibh aon chomhthéacs ar fáil don lucht féachana. Mar shampla, bíonn an-tábhacht ag baint le stair na n-ímreoirí a thugtar sa tráchtaireacht.

Bíonn tráchtaireacht ar spórt an-éagsúil ó chultúr go cultúr. Tá cáil ar an tráchtaire Éireannach mar go labhraíonn sé/sí faoi gach rud seachas an cluiche a bhíonn á imirt. Téann na tráchtairí ó Mheiriceá Theas thar fóir go hiomlán nuair a bhíonn an fhoireann acu féin chun cinn agus ní labhraíonn an tráchtaire ón nGearmáin ar chor ar bith mura dtaitníonn an cluiche leis. Is cuid riachtanach é an tráchtaire den ócáid spóirt, gan dabht.



### Obair bheirte daoibh

**Aimsígí tráchtaireacht as Gaeilge ar chluiche éigin agus abraigí:**

- Cé hé/hí an tráchtaire?
- An tráchtaireacht mhaith í/é?
- An fíor go labhraíonn Éireannaigh faoi gach rud seachas an cluiche a bhíonn ar siúl?
- Breac síos cúig fhocal ón tráchtaireacht.
- An raibh sé éasca an Ghaeilge a thuiscint?


© Gael Linn

# Tráth na gCeist



## Freagraí ag deireadh na caibidle

1 Cé mhéad bliain a chaith Jack Charlton mar bhainisteoir ar fhoireann sacair na hÉireann?
2 An as Meiriceá nó Sasana don bhanna cáiliúil *The Rolling Stones?*
3 Níl fad, airde ná leithead ag an rud seo. ach is féidir é a mheas? Céard é féin?.
4 Cén dráma le Shakespeare is minice a ndearnadh scannán de?
5 Cad é an t-aon phláinéad a chasann deiseal?
6 Cén mhór-roinn ina bhfuil Oileán Mhuirís?
7 Cén contae inar rugadh an t-aisteoir Cillian Murphy?
8 Ainmnigh trí chontae nár bhuaigh Craobh Shinsir Peile na hÉireann riamh.
9 Is í Éire an tríú hoileán is mó san Eoraip. An féidir leat an dá oileán is mó san Eoraip a ainmniú?
10 Cén comhaontú stairiúil, a síníodh sa bhliain 1998, a chuidigh le deireadh a chur leis an gcoimhlint sna Sé Chontae?



# Deireadh Ré do Laser!



Tar éis deich mbliana ag obair mar mhadra bolaíochta bhí sé in am don Alsáiseach dubh, Laser, éirí as. D'oibrigh an madra le hAonad Gadhar an Gharda Síochána agus chabhraigh sé le himscrúduithe móra.

Ghlac Laser páirt san Aonad Gadhar nuair a bhí sé cúig mhí d'aois agus thraenáil an Garda Pádraig Ó hArrachtáin é ar feadh ocht mí dhéag.

Sa bhliain 2019 rinne Laser smúrthacht agus d'aimsigh sé teach fáis de luach €900,000 i gContae an Chláir. Go minic d'aimsigh sé gadaithe agus go leor earraí goidte i gCúige Mumhan.

Caithfidh Laser a chuid ama ar scor i dteach a thraenálaí, Pádraig, i gCorcaigh.

## Ceisteanna duit

1 Cad é do thuairim faoi ainm an mhadra seo?
2 An dóigh leat go bhfuil sé ceart madra a chur ag obair mar seo?
3 Ar mhaith leat a bheith ag obair le hainmhithe

## Gluais

**bolaíocht = smúrthacht** *sniffing*
**teach fáis** *grow house* **ar scor** *in retirement*

© Gael Linn

# Duaiseanna Teicneolaíocha!

Ar 15 Samhain anuraidh fógraíodh na buaiteoirí do dhuaiseanna *James Dyson 2023*. Is duaiseanna dearaidh iad a spreagann dearadh i measc innealtóirí óga agus déanann an t-innealtóir/aireagóir, James Dyson féin, moltóireacht ar na hiontrálacha. Tá cáil ar James Dyson mar gheall ar a aireagán, an folúsghlantóir gan mhála.



Ba ghrúpa mac léinn ó Ollscoil Hongik in Seoul a bhuaigh an duais idirnáisiunta agus bronnadh €34,000 orthu. Bronnadh duais dhaonnúil agus duais inbhuanaitheachta freisin.

Bhí beirt Éireannach ar ghearrliosta na nduaiseanna agus b'éigean dóibh a gcuid iontrálacha a chur isteach roimh Iúil 2023.




Dhear George Clarke, atá ina mhac léinn in Ollscoil Teicneolaíochta Átha Cliath, uirlis leighis, *ErgoTech*, do mháinlianna – chun compord chaol na láimhe a fheabhsú agus an strus a bhíonn air a laghdú.

Dhear Joel Olympio, arb as Corcaigh dó agus a d'fhreastail ar Ollscoil Luimnigh, uirlis a chabhraíonn le daoine a mbíonn NHEA orthu. Thug sé *Oasis* ar an uirlis a chruthaigh sé agus ba é an buaiteoir náisiúnta a bhuaigh duais €5,700. Laghdaíonn an uirlis *Oasis* seachrán amhairc i dtimpeallacht oscailte.

1. An nglacann do scoil páirt i gcomórtais náisiúnta?
2. Déan cur síos ar aon chomórtas ar ghlac tú féin páirt ann.
3. Déan taighde ar Joel Olympio.

## Gluais

**dearadh** *design* **aireagóir = tionscnóir** *inventor*
**daonnúil = daonchairdiúil** *humanitarian*
**inbhuanaitheacht** *sustainability* **máinlia** *surgeon*
**seachrán amhairc** *visual distraction*
**NHEA = ADHD →**
**Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde**

# Charlie Gorm!

Is riocht é an t-ailbíneachas ina mbíonn craiceann, gruaig agus súile de dhath an-éadrom ar dhaoine toisc go mbíonn níos lú meilinine ina gcoirp ná daoine eile nó nach mbíonn aon mheilinin iontu.



Bhí an riocht seo sa nuacht le gairid, nuair a thosaigh gliomach ailbíneach in Uisceadán Acla i gContae Mhaigh Eo ag éirí gorm.

Rug an t-iascaire Charlie O'Malley ar an ngliomach sé bliana ó shin agus ba rud as an ngnáth é, mar níl ach gliomach amháin as 100 milliún ina ghliomach ailbíneach!

Nuair a fhásann an gliomach bíonn air foladh (scoitheann sé a bhlaosc) gach 12-14 mhí agus éiríonn an gliomach áirithe seo níos goirme le gach foladh. Ceapann lucht uisceadáin go bhfuil baint aige sin lena aois nó leis an mbia a itheann sé, ach ní itheann sé aon rud seachas iasc le linn a shaoil go léir!

Baisteadh Charlie ar an ngliomach in onóir don iascaire a rug air!

1. An bhfuil suim agat san iascaireacht?
2. Ar thug tú cuairt ar uisceadán riamh?
3. Déan taighde ar ainmhí/iasc/éan eile atá speisialta, dar leatsa.

## Gluais


**riocht = bail, cuma** *condition* **meilinin** *melanin*
**gliomach** *lobster* **uisceadán** *aquarium*
**foladh** *moult* **scoith** *shed* **blaosc** *shell*


© Gael Linn

# Guth ón Uaigh!

Tá guthanna bhaill uile an racghrúpa cháiliúil *The Beatles* le cloisteáil arís, a bhuí le hintleacht shaorga *(IS)*.

Chum John Lennon an t-amhrán *Now and Then* i Nua-Eabhrac sa bhliain 1978 agus thaifead sé é. Fuair sé féin bás sa bhliain 1980, áfach, nuair a scaoil Mark Chapman cúig philéar leis. Sa bhliain 1994 thug, Yoko Ono, bean chéile Lennon, an taifeadadh a bhí ar chaiséad do bhaill eile an ghrúpa, ach ní rabhadar sásta leis an bhfuaim a bhí air.



Rinne an grúpa cúpla iarracht feabhas a chur ar an gcaiséad, ach theip orthu. Ansin, anuraidh, úsáideadh *IS* chun guth John Lennon a bhaint agus a dhéanamh an-soiléir le cabhair ó Paul McCartney agus Ringo Starr, iar-bhaill *The Beatles*.



Dúirt McCartney go raibh sé 'draíochtúil' an t-amhrán a thaifeadadh sa stiúideo. "Bhí guth John inár gcluasa agus shamhlaíomar go raibh sé sa seomra ag obair linn arís agus chuir sé sin lúcháir orainn."

Deirtear gurb é seo an t-amhrán deireanach ó *The Beatles*.

## Gluais

**intleacht shaorga** *(IS) artificial intelligence (AI)*

## Tionscadal

Déan taighde ar an ngrúpa *The Beatles*.

NÓ

Déan taighde ar John Lennon.

# Paul ar mhuin na muice!



Bhuaigh an scríbhneoir Éireannach, Paul Lynch, *Booker Prize* dá úrscéal *Prophet Song*. Baineann plota an scéil le Baile Átha Cliath agus tagann póilíní rúnda go teach Eilish ag lorg a fear céile. Go gairid ina dhiaidh sin níl tásc ná tuairisc air – ná ar na céadta eile. Fágtar Eilish ina haonar ag tógail a gceathrar páistí agus cúram a hathair, atá ina sheanaois, uirthi freisin.

Chaith na moltóirí sé huaire an chloig ag plé agus ag vótáil sular tháinig siad ar chinneadh an duais a bhronnadh ar Paul Lynch. Dúirt duine acu gur saothar cumasach ficsin a bhí ann.

Is é Paul Lynch an séú húdar Éireannach a bhuaigh an duais seo, ag déanamh mar a rinne Iris Murdoch (1978), Roddy Doyle (1993), John Banville (2005), Anne Enright (2007) agus Anna Burns (2018).

Rugadh Paul i Luimneach, d'fhás sé aníos i nDún na nGall agus cónaíonn sé sa phríomhchathair anois. Thuill sé trófaí dá shaothar, mar aon le duais £50,000; agus deir sé go bhfuil leath an airgid imithe cheana féin – ar a mhorgáiste!

## Rólaithris

**Dalta 1:** Lig ort gur iriseoir thú atá ag cur ceisteanna ar Paul Lynch.

**Dalta 2:** Lig ort gur tusa Paul Lynch, atá ag freagairt ceisteanna an iriseora.

© Gael Linn

# Biorán *IS*



Bogann cúrsaí teicneolaíochta ar aghaidh go han-tapa ar fad agus feictear an dul chun cinn arís le teacht an bhiorán *IS*. Is gléas beag teicneolaíoch cearnógach é, cosúil le bróiste, a chaitear ar lipéad do chóta nó do seaicéid, a thugann iliomad féidearthachtaí don úsáideoir.

Le horduithe gutha is féidir leis glaonna a dhéanamh, teachtaireachtaí a sheoladh agus brabhsáil ar an idirlíon. Tá ceamara ann le braiteoirí gluaiseachta lenar féidir pé rud atá timpeall a thaifeadadh. Is féidir leis go leor rudaí eile a dhéanamh gan scáileán – mar shampla, teangacha a aistriú agus bia a aithint chun faisnéis bheathaithe faoi a thabhairt!

Chruthaigh Bethany Bongiorno agus Imram Chaudhri, lánúin a d'oibrigh le *Apple* cheana, an biorán, mar theastaigh uathu todhchaí a chruthú ina bhféadfadh daoine teicneolaíocht a úsáid lena gcinn in airde, a lámha saor agus iad féin i láthair.

Ar an drochuair, consnaíonn an biorán beagnach $700, ach deirtear go bhféadfadh sé áit an fhóin chliste a thógáil!

## Ceist daoibh

Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an mbiorán?

### Gluais

**biorán IS** *artificial intelligence pin/badge*
**féidearthacht** *possibility* **braiteoir** *sensor*
**faisnéis bheathaithe** *nutritional information*
**lánúin** *couple*

# Sparánacht Chlannad




Bhunaigh an cúpla, Pádraig agus Noel Ó Dúgáin, an grúpa ceoil *Clannad* sa bhliain 1970 agus b'iad a nianna, Pól agus Ciarán, agus a neacht, Máire Uí Braonáin, na baill eile. B'as Gaeilge ar fad a chan siad. Ó shin i leith tá *Clannad* tar éis an domhan mór a thaisteal agus a gcuid ceoil a sheinm os comhair na sluaite. Tá sé déag albam stiúideo taifeadta acu chomh maith le ceithre albam bheo. Bronnadh *BAFTA* agus *Grammy* orthu fosta.

Chun buíochas a ghabháil le *Clannad* as an mbéim a chuir siad ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach, tá Údarás na Gaeltachta tar éis sparánacht €30,000 a fhógairt, darb ainm *Sparánacht Chlannad*. Bronnfar an t-airgead ar ealaíontóir Gaeltachta chun tacú leis/léi saothar nua i nGaeilge a fhorbairt.

D'fhéadfadh an buaiteoir íoc as meantóir chun iad a spreagadh – nó fearas a cheannach nó freastal ar chónaitheacht ealaíontóra, mar shampla.

Fógraíodh an sparánacht i dteach tábhairne Leo (Uí Bhraonáin) i nDún na nGall, an áit inar thosaigh an grúpa ag seinm fadó riamh.

### Gluais

**sparántacht** *bursary*
**nia = mac dearthár/deirféar**
**neacht = iníon dearthár/deirféar**
**cónaitheacht** *residency*


© Gael Linn

## Fíor nó Bréagach?

- Bhí ceathrar sa ghrúpa Clannad.
- Tá cáil ar Chlannad ar fud an domhain.
- Bhuaigh an grúpa go leor gradam.
- Cuirfidh Údarás na Gaeltachta €30,000 ar fáil do Chlannad.
- Cabhróidh an sparánacht le healaíontóir Gaeltachta a b(h)ua a fhorbairt.
- D'fhógair Údarás na Gaeltachta Sparánacht Chlannad i nDún na nGall.

# Mír Ghaile

Cúis mhór bhróid ab ea é do sheisear is fiche a d'fhreastail ar bhronnadh Mhír Ghaile i dTeach Bhán na Feirme ag deireadh na bliana seo caite. Bhronn an Ceann Comhairle (agus an moltóir), Seán Ó Fearghaíl na boinn, na litreacha molta agus na teastais ghaile orthu.

Thosaigh an stát ag bronnadh na nduaiseanna seo sa bhliain 1947 chun aitheantas a thabhairt do dhaoine a shábháil beatha daoine eile agus a chuir a mbeatha féin i mbaol.

Ba é Marc Ó Conchúir, naoi mbliana d'aois, an duine ab óige a fuair teastas gaile. I Mí na Nollag 2022 ba phaisinéir é i gcarr a Mham, nuair a sciorr an carr ar leac oighir dhubh. Iompaíodh an carr bunoscionn agus bhí a Mham agus a dheirfiúr sáinnithe ann. D'éirigh le Marc éalú trí fhuinneog bhriste, shiúil sé trí pháirc agus stop sé tiománaí bus scoile chun cabhair a fháil.

Bronnadh bonn óir amháin ag an searmanas. Bronnadh é tar éis a bháis ar James Nicholl, as Cill Dara, as iarracht a dhéanamh fear eile a tharrtháil in Abhainn na Life i mí Aibreáin 2023. Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha.

### Gluais

**mír ghaile =dámhachtain chrógachta** *bravery award*

**Teach Bhán na Feirme = an t-arás fáiltithe Stáit i bPáirc an Fhionnuisce**

**sáinnithe** *trapped*

## Meaitseálaigí iad seo le chéile!
## (bunaithe ar an sliocht ar chlé)

| | |
|---|---|
| An líon daoine ar bronnadh duais orthu | Seán Ó Fearghaíl |
| Láthair an bhronnta | Marc Ó Conchúir |
| An duine a bhronn na duaiseanna | 26 |
| An chéad bhliain ar bronnadh Mír Ghaile | James Nicholl |
| Buaiteoir amháin | 1974 |
| Fuair sé bás ag iarraidh fir a shábháil | Teach Bhán na Feirme |

# Scéal daoibh!

**(Is fearr go mall ná go brách!)**

Bhain Cathal agus Aodán an-taitneamh as an gcaidreamh iontach a bhí eatarthu. Réitigh siad go han-mhaith le chéile agus choimeád siad i dteagmháil rialta le chéile. Bhíodar ar nós deartháireacha, dáiríre, a bhí ina ndlúthchairde ó bhí siad sa bhunscoil.



Chuir sé ionadh ar dhaoine go raibh siad fós cairdiúil, mar beirt an-difriúil ab ea iad. Bhí Cathal eagraithe, poncúil agus spórtúil agus bhí Aodán i gcónaí faoi bhrú agus dearmadach. Bhí Cathal ag maireachtáil in Toronto ag déanamh go leor airgid mar fhear gnó agus d'oibrigh Aodán ina bhaile dúchais mar altra.

© Gael Linn

Ar a shlí abhaile ó sheal na hoíche, chonaic Aodán go raibh glórphost ar a fhón. Leath ina chodladh tar éis seal oibre dhá uair déag, d'éist sé leis. Bhí an líne go hainnis, ach thuig sé go raibh sé le bualadh le Cathal an lá dár gcionn ar a seacht a chlog tráthnóna. Bhí dearmad glan déanta aige gurbh í an tseachtain seo an tseachtain a raibh Cathal tagtha ar ais ó Toronto, ach ba chuimhin leis anois go raibh socrú déanta acu bualadh le chéile i bhfad ó shin. Bhí sé buíoch gur chuir Cathal i gcuimhne dó é!


Bhí Cathal ag súil go mór le bualadh lena dhlúthchara. Ghlac sé cith, ghléas sé é féin go deas agus d'fhág a óstán in am. Chuir sé bronntanas d'Aodán sa charr a bhí ar cíos aige agus ar aghaidh leis i dtreo bhaile Loch Garman. Shroich sé an bhialann a bhí roghnaithe aige agus ó ba rud é go raibh sé deich nóiméad róluath, chuir sé an suíochán siar agus an raidió ar siúl agus dhún sé a shúile. Ní raibh an tuirse aerthurais curtha de fós.



Níorbh amhlaidh d'Aodán. Ag an nóiméad deireanach sa teach altranais d'iarr othar air rud éigin a dhéanamh dó agus ní raibh sé in ann diúltú. Chuir sé sin moill air agus ní raibh seans aige fiú a éide altra a bhaint de. Ar aghaidh leis ag tiomáint ar nós an diabhail i dtreo Chontae Chill Mhantáin chun bualadh le Cathal. Tar éis tamaill stop sé chun 'Baile an Triúir Beag' a chur isteach i léarscáileanna *Google*. Nach ait gur roghnaigh Cathal an áit sin, a cheap sé. Níor bhuail siad lena chéile ansin riamh cheana.

Ar ais i gcarrchlós na bialainne bhí Cathal ag féachaint ar an am. Deich tar éis a seacht agus ní raibh tásc ná tuairisc ar Aodán fós. Bhí seantaithí ag Cathal air agus níor chuir sé isteach ná amach air go raibh sé déanach. Bhí sé ag smaoineamh ar an dinnéar breá blasta a bheadh aige i gceann tamaillín lena chara – prátaí Éireannacha lán d'im, stéig bhreá shúmhar nach bhfaigheadh sé in Toronto féin.

Léim Aodán amach as a charr agus chuaigh sé i dtreo na bialainne. Bhí a fhios aige go raibh sé déanach agus bhí sórt náire air. Bhí Cathal tar éis iarracht mhór a dhéanamh bualadh leis a fhad is a bhí sé ar ais ó Toronto agus ní raibh sé féin in ann a bheith in am. Ní raibh aon charr eile feicthe aige sa charrchlós agus ní raibh duine ná deoraí timpeall. Agus bhí an bhialann dúnta! "Ó a thiarcais, cad tá déanta agam anois?" Chuimhnigh sé ansin go raibh an glórphost ó Chathal fós ar a fhón agus d'éist sé leis arís.



"Haigh, a Aodáin. Cathal anseo. Ná déan dearmad ar an mbéile oíche amárach – a seacht a chlog, Baile an Tiúigh Beag. Bí ann!"

Sheinn sé an teachtaireacht an dara huair. Níor chreid sé a chluasa féin! Nach raibh sé tar éis tiomáint go Baile an Triúir Beag i gCill Mhantáin in ionad Bhaile an Tiúigh Beag i gCill Chainnigh! Bhí sé 84 chiliméadar ó Chathal!

Bhí Cathal fós suite ina charr sa charrchlós ag fanacht go foighneach ar Aodán agus é ag ithe na seacláidí a bhí le tabhairt aige dó. B'fhéidir go raibh Aodán imithe ar strae? Chuirfeadh sé glaoch air – tar éis seacláid amháin eile.


© Gael Linn

## Obair duit!

Scríobh scéal dar teideal: *Cairdeas – níl aon rud níos fearr ná é!*

## Gluais

**caidreamh** *relationship*

**dlúthchairde** *close friends*

**glórphost** *voice message* **súmhar** *juicy*

# Daniel Wiffin




Tá laoch snámha eile againn in Éirinn ó leag Daniel Wiffin síos cúpla curiarracht dhomhanda nua i rásaí saorstíle na bhfear le déanaí. Mar shampla, ghearr sé trí shoicind den tseanchuriarracht a leag an tAstrálach Grant Hackett síos sa rás 800 méadar cúig bliana déag ó shin. Bhuaigh Wiffin an bonn óir, ar ndóigh.

Bhí Wiffin ag caitheamh deich lá ag glacadh páirte i gCraobhchomórtais Ghearrchúrsa na hEorpa in Airéine Snámha Otopeni, Bucharest nuair a rinne sé na gníomhartha gaisce sin. Shnámh sé i rásaí 400 méadar, 800 méadar agus 1,500 méadar i rith na seachtaine sin ag buachan trí bhonn óir ar fad!

An mhaidin sular leag sé an chéad churiarracht nua síos níor mhothaigh sé rómhaith ann féin. Ach i ndiaidh an rása d'admhaigh sé go raibh sé go hiontach snámh chomh tapa nuair a mhothaigh sé mar sin. Anuraidh chríochnaigh sé sa cheathrú háit cúpla uair agus bhí díomá air. "Faighimis bonn!" an smaoineamh a spreag é an uair seo.

Is as Machaire Lainne, Contae Ard Mhacha do Wiffin. Thug a thuismitheoirí é féin agus a leathchúpla Nathan ag snámh nuair a bhíodar trí mhí d'aois agus tá an bheirt acu fós gafa leis. Glacfaidh Daniel páirt i gCluichí Oilimpeacha Pháras an Samhradh seo. Is mac léinn eolaíocht ríomhaireachta é in Ollscoil Loughborough, Sasana.

## Dúshlán daoibh!

### CURIARRACHT

Déanaigí liosta focal as an bhfocal thuas.

| | |
|---|---|
| Rith | |
| Cuir | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

# Airgead amú?

An úsáideann tú airgead tirim na laethanta seo? Cad a dhéanann tú le boinn bheaga? Is cinnte go bhfuil na milliúin bonn caite i leataobh ag daoine, i bprócaí, i dtarraiceáin, i seansparáin – agus beag seans go n-úsáidfear arís iad!



Tuigeann rialtas na hEastóine nach n-úsáidtear bonn cent ná bonn dhá cent go rómhinic – agus go bhfuil lorg mór timpeallachta orthu. Mar aon le Banc na hEastóine teastaíonn ón rialtas deireadh a chur leis na boinn sin go luath, ach tá siad ag lorg aiseolais ón bpobal sula ndéanfar cinneadh faoi.

© Gael Linn

Chun iad a bhaint ó chúrsaíocht bheadh daoine in ann na boinn sin a úsáid chun íoc as earraí i siopaí, ach ní cheadófar na boinn a thabhairt ar ais mar shóinseáil.

## Gluais

**cúrsaíocht** *circulation*

- Faigh rianpháipéar agus rianaigh an bonn cent amháin agus an bonn dhá cent.
- Cad a fheiceann tú ó do chuid oibre?
- Déan comparáid idir bonn amháin agus aon bhonn eile ó thír/chultúr eile.

# Solas

Tá an pianódóir, Jamie Duffy, tar éis aird an domhain a tharraingt air féin le cúpla seachtain anuas. Tá a chéad singil, *Solas*, eisithe aige agus seinneadh é 60 milliún uair ar *Spotify* cheana féin! Níl Jamie ach 22 bhliain d'aois agus cháiligh sé le céim i gCaidreamh Idirnáisiúnta agus Polaitíocht ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le gairid.

Deir Jamie gur meascán de cheol gaelach, cheol traidisiúnta agus cheol clasaiceach atá ina chuid cumadóireachta agus chuir sé ionadh air, mar sin, go raibh tóir ar a chuid ceoil ar *Spotify*.

Molann sé do dhaoine óga a mbrionglóid agus a bpaisean a leanúint. "Déan é!" a deir sé. Glacann sé leis go bhfuil mórán lochtanna ar na meáin shóisialta, ach tuigeann sé go bhfuil siad úsáideach agus cabhrach chun aiseolas a fháil. "Ná bíodh eagla ort tú féin a chur amach ann!" a deir sé.

Níor cheap Jamie riamh go mbeadh ceol mar phost nó mar ghairm bheatha aige, ach go mbeadh sé ina iriseoir lá éigin. Ach tá an cor nua sa saol tar éis an plean sin a athrú agus a shaol a iompú bunoscionn!

Rugadh Jamie i nGlasloch, Contae Mhuineacháin agus sheinn sé an fheadóg stáin agus an pianó agus é ag fás aníos i dteaghlach ceolmhar. Agus é ina dhéagóir bhí post aige ag seinm an phianó i gCaisleán Leslie!



- Déanaigí taighde ar Jamie Duffy.
- Éistigí lena cheol agus pléigí bhur gcuid ttuairimí faoi.

# Caife, cuir i gcás?

Mar chuid den chúrsa idirbhliana i bPobalscoil Chionn tSáile, Contae Chorcaí, reáchtálann na daltaí trucail chaife atá suite i gcampas na scoile.




*The KCS Grind School* is ainm don trucail chaife agus cuirtear traenáil barista ar fáil ann do gach dalta idirbhliana. Dáiltear caife, tae agus seacláid the ar chustaiméirí sa chaifé. Mar sin, foghlaimítear scileanna uimhearthachta agus scileanna sóisialta freisin.

Cuireadh boird phicnice in aice leis an trucail agus is féidir le daltaí agus le foireann na scoile deochanna a cheannach ón trucail ag am sosa agus am lóin.

© Gael Linn

Is cinnte go mbeidh na daltaí réidh chun cur isteach ar phoist Samhraidh sna caiféanna agus sna bialanna ar fud bhaile Chionn tSáile.

Cuirtear aon bhrabús a dhéantar as an trucail chaife ar ais sa scoil, go deimhin!

## Gluais

**uimhearthacht** *numeracy*

## Freagraígí iad seo agus pléigí bhur gcuid freagraí le chéile.

- Cén tionscadal a reáchtáiltear san idirbhliain i do scoil?
- An bhfuil tú páirteach in aon cheann faoi láthair?
- Ar mhaith leat a bheith bainteach le trucail chaife scoile? Cén fáth?

# Freagraí


## Cúinne na Gramadaí
## Ceacht 2

1 Rachaimid
2 Scríobhfaidh mé
3 An rachaidh siad
4 Ní éireoimid... Glacfaimid...
5 An ndéarfaidh tú?
6 An labhróidh tú?
7 Rithfidh...
8 Buailfimid
9 Fillfodh mé
10 Socróidh... Roghnóidh...


## Ceacht 3

1 go raibh
2 go ndúirt... go raibh...
3 go bhfaca
4 go bhfuaireamar
5 go raibh sé cinnte go ndeachaigh... nach ndeachaigh


## Crosfhocal – Maggie Gough!




## Teach Ceann Tuí!





## Cén fáth nach gcabhróimis?





© Gael Linn


## Bliain Bhisigh!




## Anthony Barry




## Treochtaí Faisin do 2024





## Freagraí – Tráth na gCeist



1 Deich mbliana
2 Sasana
3 An teocht
4 Hamlet
5 Véineas
6 An Afraic [Tá sé suite soir ó chósta na hAfraice, ag 20 céim ó dheas, agus ar dhomhanfhad 57 soir.]
7 Contae Chorcaí
8 Laois, Aontroim, Port Láirge, Clár, Muineacháin, Fear Manach, Cill Mhantáin, an Iarmhí, Ceatharlach, Sligeach, Liatroim, Longfort
9 An Bhreatain Mhór agus an Íoslainn
10 Comhaontú Aoine an Chéasta

## Cumhacht Leigheas an Nádúir






© Gael Linn